Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019

Imleabhar 5:

Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Márta 2013

Clár na nÁbhar

Mír 1 – Réamhrá 1
1.1 Réamhrá 1
1.2 An Cúlra le Fuinneamh In-Athnuaite 4
1.3 An Líonra Tarchuir 7
1.4 An Próiseas Nasctha 8
1.5 Eangach 25 9
1.6 Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2022 11
1.7 Fuinneamh Gaoithe i gContae Loch Garman 12
1.8 Riachtanais Fuinnimh 14
1.9 Feirmeacha Gaoithe ón bhFarraige 16

Mír 2 – Modheolaíocht 22
2.1 Réamhrá 22
2.2 Acmhainn Ghaoithe 23
2.3 An Líonra Tarchuir 20
2.4 Láithreáin Ainmnithe 20
2.5 Limistéir Chónaithe 21
2.6 Feirmeacha Gaoithe Reatha agus Ceadaithe 22
2.7 Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire 22
2.8 Soghabháltacht i leith Sciorradh Talún 23
2.9 Seandálaíocht 23
2.10 Struchtúir Chosanta 24
2.11 Láithreáin Gheolaíochta 24
2.12 Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc 25

Mír 3 – Conas a sholáthair an SEA Faisnéis don Straitéis Fuinneamh Gaoithe 29
3.1 Réamhrá 28
3.2 Roghanna Straitéiseacha Fuinnimh 29
3.3 Roghanna Fuinneamh Gaoithe Spásúil 32

3.4 An Rogha is Fearr 33
Mír 4 – Limistéir Forbartha Feirm Ghaoithe 34
4.1 Réamhrá 34
4.2 Limistéir a Shainaithint le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe 34
4.3 Cuspóirí Forbartha Fuinneamh Gaoithe 39
4.4 Díolúintí Pleanála agus Tairseacha Straitéiseacha 41

Mír 5 – Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha 48
5.1 Réamhrá 43
5.2 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha 43
5.2.1 Breithniúcháin Réamhphleanála 43
5.2.2 Comhairliúchán leis an bPobal Áitiúil 43
5.2.3 Fad an Cheada 45
5.2.4 Suíomh, Leagan Amach agus Dearadh 45
5.2.5 Teorainneacha agus Fálú 46
5.2.6 Bóithre Rochtana 46
5.2.7 Struchtúir agus Trealamh Coimhdeach 47
5.2.8 Caochadh Scátha 47
5.2.9 Torann 48
5.2.10 Trasnaíocht Leictreamaighnéadach 58
5.2.11 Nasc leis an Eangach 58
5.2.12 Ranníocaíochtaí Airgeadais 49
5.2.13 Measúnacht Tionchair Tírdhreacha 49
5.2.14 Seandálaíocht 51
5.2.15 Oidhreacht Seandálaíochta 51
5.2.16 Dífhoraoisiú 52
5.2.17 Pleananna Bainistíochta Tráchta 52
5.2.18 Pleananna Bainistíochta Dramhaíola 53
5.2.19 Measúnacht Tionchair Timpeallachta 53
5.2.20 Pleananna Bainistíochta Timpeallachta 54
5.2.21 Ialtóga agus Éin 54

5.2.22 Láithreáin Shainithe 54
5.2.23 Léarscáiliú Gnáthóige 56
5.2.24 Athchóiriú Gnáthóige 56
5.2.25 Speicis Ionracha 57
5.2.26 Soghabháltacht i leith Sciorradh Talún 57
5.2.27 Tógáil 58
5.2.28 Monatóireacht 59
5.2.29 Díchoimisiúnú 60
5.2.30 Ionadú, Athchumhachtú agus Athfhorbairt Redevelopment 61
5.2.31 Tionchar Carnach Feirmeacha Gaoithe 61

Léarscáileanna

Léarscáil Uimh. 1 Feirmeacha Gaoithe Reatha agus Ceadaithe
Léarscáil Uimh. 2 Luas na Gaoithe ag 75 Méadar agus an Líonra Tarchuir
Léarscáil Uimh. 3 Láithreáin Ainmnithe
Léarscáil Uimh. 4 Dlús Tithíochta in aghaidh an Chiliméadair Chearnaigh i ngach Baile Fearainn
Léarscáil Uimh. 5 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha
Léarscáil Uimh. 6 Léarscáileanna na Straitéise Fuinneamh Gaoithe le haghaidh na gContaetha Máguaird
Léarscáil Uimh. 7 Léarscáil na Straitéise Fuinneamh Gaoithe do Chontae Loch Garman

Táblaí

Tábla 1 Acmhainn Shuiteáilte Ghaoithe i gContae Loch Garman
Tábla 2 Feirmeacha Ceadaithe Gaoithe i gContae Loch Garman
Tábla 3 Treoir Straitéiseach maidir le hAcmhainn an Tírdhreacha le haghaidh Forbairt Fuinneamh Gaoithe i Limistéir Nádúir Tírdhreacha
Tábla 4 Limistéar Forbartha Fuinneamh Gaoithe

Giorrúcháin

CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CGS	Láithreáin Gheolaíochta Contae
CMP	Plean Bainistíochta Tógála
cSAC	Limistéar iarrthóra Caomhantais Speisialta
DECLG	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
DEM	Samhail Dhigiteach den Airde
DSO	Oibreoir an Chórais Dáilte
EIA	Measúnacht Tionchair Timpeallachta
EIS	Ráiteas Tionchair Timpeallachta
EMP	Plean Bainistíochta Timpeallachta
GSI	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
GWh	Gigeavatuaireanta
IWEA	Cumann na Gaoithe Teoranta
LCA	Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha
LCT	Cineál Nádúir Tírdhreacha
LIA	Measúnachtaí Tionchair Tírdhreacha
LFL	Ceadúnas Leagain Theoranta
MW	Meigeavat
NEEAP	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh
NREAP	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-Athnuaite
NGOanna	Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
NHA	Limistéir Oidhreachta Náisiúnta
OREDP	An Plean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite san Fharraige Amuigh
pNHA	Limistéir Oidhreachta Náisiúnta a bheartaítear
RES-E	Foinse Fuinnimh In-Athnuaite Leictreachas
RES-H	Foinse Fuinnimh In-Athnuaite – Teas
RES-T	Foinse Fuinnimh In-Athnuaite – Iompar
SAC	Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
SEA	Measúnú Straitéiseach Timpeallachta

SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SEI	Fuinneamh Inmharthana Éireann
SERA	Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
SERPGanna	Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2022
SPA	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
TSO	Oibreoir an Chórais Tarchuir
WMP	Plean Bainistíochta Dramhaíola

Mír 1 – Réamhrá

1.1 Réamhrá

Cruthaíonn an Straitéis Fuinneamh Gaoithe cuid de Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019 agus ba cheart í a léamh i gcomhar leis na beartais agus na cuspóirí a chuimsítear sa Phlean sin. Sainaithnítear sa Straitéis, a ullmhaíodh i gcomhréir leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006), limistéir den chontae ina bhfuil forbairtí feirm ghaoithe inghlactha i bprionsabal nó ina bhfuiltear sásta breithniú a dhéanamh orthu, bunaithe ar luas na gaoithe, rochtain ar na heangacha leictreachais agus tarchuir agus drochthionchar a imirt ar an tírdhreach agus ar láithreáin ainmnithe a sheachaint. Treoróidh an Straitéis Fuinneamh Gaoithe forbairt feirmeacha gaoithe laistigh den chontae a mhéid leis an mbliain 2019.

Cuireann an Straitéis Fuinneamh Gaoithe leis an straitéis a bhí ann roimhe sin, agus cuirtear san áireamh treoirlínte, straitéisí agus cáipéisí beartais nuashonraithe náisiúnta agus réigiúnacha phleanála. Anuas air sin, cuireann saincheisteanna eolas ar fáil di lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus dhomhanda a nglactar leo faoi láthair amhail bheith ríthábhachtach i dtaca le forbairt inbhuanaithe a fhoirmliú agus a chur i bhfeidhm, ar nós athrú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite.

Cuid thábhachtach de Geilleagar Cliste na hÉireann a Thógáil – Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe (Roinn an Taoisigh, 2008) is ea slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú. Cuireann gach forbairt nua feirm ghaoithe go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta trí phoist a chruthú, cíosanna talún agus éileamh méadaithe ar sheirbhísí tacaíochta áitiúla i seirbhísí tógála, oibrithe agus cothabhála, dlí agus cuntasaíochta agus bainistíochta

tionscadail. Sa mhullach air sin, d'fhéadfadh praghsanna níos ísle agus níos cobhsaí fuinnimh do thomhaltóirí eascairt as níos mó fuinneamh gaoithe ar an gcóras, agus cabhrú linn, i gcomhthráth, ár spriocanna fuinnimh agus astuithe a bhaint amach i gcomhthráth.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na Straitéise Fuinneamh Gaoithe:

- Slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú trí thacú, i bprionsabal agus ar na scálaí agus ag na láithreacha cuí, le hacmhainní fuinneamh gaoithe a fhorbairt sa chontae.
- Forbairt fuinneamh gaoithe agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile a chur chun cinn sa chontae chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach (a sholáthraíonn 40% den ídiú leictreachais, ar a laghad, ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020).
- Oibriú i dtreo sprioc 255 MW fuinneamh gaoithe, lena chur ar chumas Chontae Loch Garman na céimeanna tosaigh a chur díothú chun geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2020 agus a chomhionann de 70% dá riachtanais leictreachais a ghiniúint ó fhuinneamh gaoithe.
- Limistéir straitéiseacha a shainaithint sa chontae le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe.
- An cumas chun forbairtí beagscála fuinneamh gaoithe a lonnú laistigh de limistéir uirbeacha agus thionsclaíocha a fhiosrú, agus chun tograí beaga pobalbhunaithe a lonnú lasmuigh de na príomhlimistéir.
- A chinntiú go bhfuil táirgeadh fuinneamh gaoithe ar aon dul leis na spriocanna um chaomhnú an dúlra agus na reachtaíochta comhshaoil agus go gcuirtear san áireamh iad, anuas ar chaomhnú agus cosaint láithreáin ainmnithe agus bheartaithe Natura 2000 agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha sa chontae agus in áiteanna in aice an chontae.
- A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/CEE), go háirithe an gá atá le Measúnacht Oiriúnachta, ar aon dul le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 (I.R. Uimh. 94 de 1997) (arna leasú),

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Éan agus Nádúrtha), 2011 (I.R. 477 de 2011), na Treoirlínte maidir le Measúnacht Oiriúnachta (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2009) agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

- Comhlíonadh iomlán cheanglais na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil ón AE (2001/42/CE), na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil), 2004 (I.R. Uimh. 436 de 2004) (arna leasú) agus na Treoirlínte maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2004.

Tá Straitéis Fuinneamh Gaoithe roinnte ina cúig mhír, mar seo a leanas:

- Soláthraítear réamhrá i Mír 1 leis an Straitéis Fuinneamh Gaoithe. Tugtar chun solais beartas idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach maidir le forbairt fuinneamh gaoithe, tugtar cuntas ar fhaisnéis a bhaineann leis an líonra tarchuir in Éirinn agus sainaithnítear an cás reatha maidir le forbairt fuinneamh gaoithe i gContae Loch Garman.
- Déantar cur síos i Mír 2 ar an modheolaíocht a úsáidtear chun limistéir oiriúnacha a shainaithint le haghaidh forbairt feirm ghaoithe. Áirítear leis seo GIS a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar réimse tosca a bhaineann le forbairt fuinneamh gaoithe, ina measc: acmhainn fuinneamh gaoithe (tríd an Atlas um Luas na Gaoithe), bonneagar na heangaí, sainithe oidhreachta nádúrtha, íogaireacht tírdhreacha agus láthair na bhfeirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe.
- Déantar cur síos i Mír 3 conas a chuir an Mheasúnacht Straitéiseach Comhshaoil (SEA) faisnéis ar fáil don Straitéis Fuinneamh Gaoithe, breithniú ar roghanna eile ina measc.
- Sainaithnítear i Mír 4 na limistéir le haghaidh forbairt feirm gaoithe agus na critéir a bhaineann le gach limistéar. Sainaithnítear sa mhír seo, chomh maith, cuspóirí na Comhairle maidir le fuinneamh gaoithe agus

tugtar cuntas ar fhaisnéis a bhaineann le díolúintí pleanála agus tairseacha straitéiseacha le haghaidh forbairt feirmeacha gaoithe.

- Leagtar amach i Mír 5 caighdeáin um bainistíocht forbartha le haghaidh feirmeacha gaoithe. Tá na caighdeáin seo in ainm is ullmhú agus measúnú iarratais pleanála ar fhorbairt feirm ghaoithe a threorú.

1.2 An Cúlra le Fuinneamh In-Athnuaite

Caitear le fuinneamh in-athnuaite níos minice mar bhealach chun dul i ngleic le hathrú aeráide, astuithe dé-ocsaíd charbóin a laghdú agus slándáil náisiúnta breosla a mhéadú. Tagraíonn an téarma 'fuinneamh in-athnuaite' go ginearálta do leictreachas a sholáthraítear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar nós chumhacht na gaoithe agus grianchumhachta, cumhacht gheoiteirmeach, hidreachumhachta agus foirmeacha éagsúla de bhithmhais. Meastar gur foinsí in-athnuaite na foinsí fuinnimh seo mar gheall go ndéantar a bhfoinsí breosla a athshlánú ar bhonn leanúnach. Ní hionann seo agus breoslaí iontaise a meastar atá ina n-acmhainní finideacha.

Dhaingnigh Éire Prótacal Kyoto an 31 Bealtaine 2002. Faoi Phrótacal Kyoto, chomhaontaigh Éire le sprioc chun a hastuithe gáis cheaptha teasa a laghdú anuas go dtí 15% os cionn leibhéil 1990 faoin gcéad tréimhse ghealltanais 2008-2012 mar chuid dá rannchuidiú le sprioc fhoriomlán an AE. Taispeántar i Straitéis Náisiúnta Aeráide 2007-2012, earnáil ar earnáil, conas atá gealltanas 2008-2012 le baint amach trí réimse bearta reatha agus breise a bheidh ina n-údar le laghdú astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a laghdú faoi os cionn coibhéis 17 milliún tonna de dhé-ocsaíd charbóin. Áirítear leis seo bearta chun soláthar fuinnimh a mhéadú ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh i bhfoirgnimh agus astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú san earnáil iompair, anuas ar bhearta le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus dramhaíola. I dtaobh na tréimhse ó 2012 go dtí 2020, déantar cur síos sa straitéis ar roinnt bealaí féideartha chun freagairt do

ghealltanas an AE chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú 20%, ar a laghad, ar leibhéal 1990.

In 2007, chomhaontaigh an AE spriocanna nua aeráide agus fuinnimh “20-20-20 by 2020”. Áirítear leis na spriocanna seo laghdú 20% ar astuithe gáis cheaptha teasa faoi bhun leibhéil 1990, laghdú 20% ar úsáid fuinnimh trí éifeachtúlacht fheabhsaithe fuinnimh agus go mbeidh 20% d’úsáid fuinnimh an AE ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. In 2009, cuireadh an Treoir maidir le hAthnuaiteáin (2009/28/CE) i bhfeidhm chun an bonn a leagan chun an sprioc fuinnimh in-athnuaite 20% a bhaint amach ar fud na n-earnálacha leictreachais, iompair agus téimh. Faoi théarmaí na Treorach, cuirtear sprioc roimh gach ballstát a chuirfidh le sprioc fhoriomlán an AE. Is é sprioc na hÉireann go mbeidh 16% den fhuinneamh go léir a úsáidtear ar fud na dtrí earnáil ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh In-Athnuaite (NREAP) (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2010) cur chuige agus bearta straitéiseacha na hÉireann chun an sprioc seo a bhaint amach, lena n-áirítear an méid a leanas:

- 40% den úsáid leictreachais ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020 (RES-E)
- feithiclí leictreacha a bheith in 10% de na feithiclí faoi 2020 (RES-T)
- teas in-athnuaite a bheith i gceist le 12% den teas faoi 2020 (RES-H)

Mar gheall go soláthróidh an ghaoth ón bhfarraige tromlach mór na hacmhainne nua in-athnuaite, is mór an dúshlán do thionscal gaoithe na hÉireann an sprioc 40% d’úsáid leictreachais a bheith ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020 (RES-E). I Meitheamh 2012, b’ionann acmhainn iomlán shuiteáilte ghaoithe na hÉireann agus 2053 MW. Tugann an IWEA faoi deara go dteastódh 3,250 MW d’acmhainn

bhreise ghaoithe a shuiteáil ar an gcladach laistigh de na hocht mbliana amach romhainn go mbainfidh Éire amach a sprioc RES-E.[1]

Anuas air sin, tá an Rialtas ag féachaint chun cinn i ndiaidh 2020 i dtaobh na ndeiseanna móra chun acmhainní flúirseacha fuinnimh in-athnuaite na hÉireann san fharraige amuigh a fhorbairt, ina measc sin, fuinneamh gaoithe, tonnfhuinneamh agus fuinneamh taoide san fharraige amuigh, agus a aithint go gcuireann iad seo cumas fairsing (easpórtála) ar fáil sna blianta amach romhainn. Sainaithnítear i nDréacht-Phlean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite san Fharraige Amuigh (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2010) an Cósta Theas amhail bheith oiriúnach d'fhorbairt gaoithe agus an Cósta Thoir – Theas a bheith oiriúnach d'fhorbairt gaoithe agus taoide.

Tá baint ag an Údarás Réigiúnach Thoir Theas (SERA) in CLIMATLANTIC, tionscadal de chuid INTERREG IV B atá dírithe ar straitéisí a fhorbairt ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil i dtreo an lorg coise carbóin a laghdú i gCeantar Eorpach an Atlantaigh. Díríonn an tionscadal ar cheithre ghné: soghluaisteacht, fuinneamh, bainistíocht críche agus iompar sóisialta. Is aid SERA an comhpháirtí tionscadail atá freagrach as an ngné fuinnimh agus chuir siad páipéar i dtoll a chéile le déanaí ar ghníomhartha áitiúla agus réigiúnacha chun an lorg coise carbóin a laghdú. Tugtar faoi deara sa pháipéar go ndéanfar foinse thábhachtach de leictreachas in-athnuaite d'fhuinneamh gaoithe i ngach tír atá bhfuil éadan acu leis an Atlantach, go háirithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe mar gheall ar ardluas na gaoithe sna tíortha siúd, agus gur féidir leo ról mór a chomhlíonadh chun spriocanna leictreachais 2020 a bhaint amach.

Comhpháirtíocht dhomhanda is ea BirdLife International d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) a dhíríonn go speisialta ar chaomhnú agus ar éin. Tá siad ag iarraidh ar mhéadú ar sprioc an AE chun astuithe gáis cheaptha teasa

[1] Aighneacht an IWEA ar an dréachtphlean dar dáta an 20 Lúnasa 2012.

a laghdú faoi 20% faoi 2020 chun astuithe carbóin a laghdú, a dhéanann díobháil do dhaonra éan. Tacaíonn 'Spriocanna Fuinnimh In-Athnuaite na hEorpa a Chomhlíonadh i gComhchuibheacht an Dúlra' (BirdLife Europe, 2011) leis na spriocanna fuinnimh in-athnuaite a shonraítear sa Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite (2009/28/CE), ach tugtar chun solais gur cheart caitheamh leis na spriocanna seo ar aon dul le gealltanas an AE chun cailleadh bithéagsúlachta agus díghrádú seirbhísí éiceachórais faoi 2020.

Tacaíonn BirdLife Europe le sprioc in-athnuaite 2020 na hEorpa a bhaint amach agus a shárú, ar aon dul le ceithre phríomhphrionsabal:

1. Ní mór leibhéil ísealcharbóin a bheith i gceist le hathnuaiteáin – ní mór d'fhuinneamh in-athnuaite difear suntasach a dhéanamh chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, i gcomparáid le breoslaí iontaise, agus bheith freagrach as astuithe ón tsaolré iomlán.
2. Teastaíonn cur chuige straitéiseach i leith úsáide – teastaíonn creataí dearfacha pleanála ionas go mbainfear leas as na foinsí fuinnimh is oiriúnaí sna háiteanna is oiriúnaí.
3. Ní mór a sheachaint díobháil a dhéanamh d'éin agus don bhithéagsúlacht – baineann ríthábhacht lena sheachaint go réamhchúramach díobháil a dhéanamh don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais nuair a dhéantar áiseanna in-athnuaite a shuíomh agus a dhearadh.
4. Ní mór na láithreáin is tábhachtaí san Eoraip i dtaobh an fhiadhúlra a chosaint – sa chás gur dóchúil go n-imreofar tionchar suntasach ar láithreán Natura 2000 (iad siúd a chosnaítear faoi na Treoracha maidir le hÉin agus le Gnáthóga), ní fhéadtar leanúint le forbairt ach faoi choinníollacha diana, nach mór a chur i bhfeidhm go daingean.

1.3 An Líonra Tarchuir

Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (an CER) freagrach as rialáil leictreachais in Éirinn. Go ginearálta, soláthraítear leictreachas ar na línte ardvoltais ó fhoinsí

giniúna na hÉireann go dtí na stáisiúin chlaochladáin, áit a laghdaítear voltas leictreachais agus a nglactar ar aghaidh é tríd an gcóras dáilte a fhad le háitribh na gcustaiméirí aonair. Is iad EirGrid an comhlacht neamhspleách faoi úinéireacht an stáit atá ceadúnaithe ag an CER chun gníomhú mar Oibreoir an Chórais Tarchuir (TSO) agus tá siad freagrach as oibriú, forbairt agus cothabháil an chórais tarchuir. Tá EirGrid neamhspleách ó BSL, atá ceadúnaithe mar úinéir an chórais tarchuir.

Is é an Líonra Dáilte an líonra meánvoltas agus ísealvoltas leictreachais a úsáidtear chun leictreachas a sholáthar do nascphointí, ar nós tithe, oifigí, siopaí, agus soilse sráide. Is é ESB Networks Oibreoir an Chórais Dáilte (DSO) agus tá siad freagrach as bonneagar an líonra ar leibhéal dáilte a thógáil, a chothú agus a oibriú, gach líne lasnairde, cuaillí agus cáblaí leictreachais faoin talamh san áireamh a úsáidtear chun cumhacht a sholáthar do chustaiméirí na hÉireann. [2]

1.4 An Próiseas Nasctha

Anuas ar chead pleanála a fháil, ní mór d'fhorbróirí tionscadail fuinneamh gaoithe iarratas a dhéanamh ar nasc eangaí ó EirGrid nó ó ESB Networks Ltd. Tugtar faoi seo, faoi láthair, ar bhonn tús freastail ar an té is túisce. Go ginearálta, ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar nasc dáilte ó BSL le haghaidh tionscadal faoi bhun acmhainn iomlán easpórtála 20 MW. I gcás tionscadail os cionn acmhainn iomlán easpórtála 20 MW, ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar nasc dáilte ó EirGrid. Próiseáiltear gach iarratas tríd an bPróiseas Tairisceana Naisc.

Ó Nollaig 2004, bhí gineadóirí in-athnuaite ar mhian leo nasc a dhéanamh leis na córais tarchuir nó dáilte faoi réir grúp-phróiseáil iarratas ar nasc trí shraith "Geataí" leantacha. Bhí dhá Gheata ann go dtí seo. Críochnaíodh Geata 1 i

[2] An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (2011). An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh. Ar fáil ag http://www.cer.ie/en/electricity-distribution-network-overview.aspx (Arna rochtain an 27 Eanáir 2011).

Nollaig 2004 agus próiseáladh iarratais arbh ionann iad agus 373 MW de thoilleadh in-athnuaite. Críochnaíodh na prionsabail agus na critéir le haghaidh Gheata 2 i Meitheamh 2006. D'fhéadfadh 1,300 MW d'acmhainn bhreise ghiniúna in-athnuaite bheith nasctha leis an gcóras ar Gheata 2 má thógfar gach gineadóir.[3]

Tagraíonn Geata 3 don tríú babhta de thairiscintí naisc a eisíodh do ghineadóirí faoin gcur chuige grúp-phróiseála. Is éard a bhaineann leis ná tairiscintí le haghaidh naisc thart ar 3900 MW de ghiniúint gaoithe agus 1700 MW de ghnáthghiniúint. Déanfaidh an 3900 MW d'fhorbairtí gaoithe a bhain tairiscint amach mar chuid de Gheata 3 soláthar don sprioc ghiniúna in-athnuaite 40% má thógtar gach ceann de na gineadóirí a bhfuil tairiscint le fáil acu. [4] Críochnaíodh eisiúint tairiscintí i Meitheamh 2011. Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ag iarratasóirí ar a dtairiscintí agus ghlac cuid díobh le tairiscintí go dtí seo.

Chun nasc a dhéanamh leis an líonra leictreachais, ní mór d'fhorbróirí ceadúnas a fháil chun giniúint a dhéanamh ón CER. Teastaíonn údarú ón CER, chomh maith, chun stáisiún giniúna a thógáil sula gcuirtear tús le hobair. Próisis ar leith iad próisis údaraithe agus cheadúnaithe an CER ó phróiseas iarratais na heangaí.

1.5 Eangach 25 ('Grid 25')

Leagtar amach i Straitéis Eangach 25 EirGrid riachtanais amach anseo an líonra leictreachais a fhad le 2025. Luaitear sa straitéis seo go mbeidh gá acmhainn bhulc an chórais tarchuir a mhéadú faoi dhó faoi 2025 chun an méadú

[3] An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (2011). An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh. Ar fáil ag: http://www.cer.ie/en/renewables-connecting-to-the-network.aspx?article=68c8fc68-4eab-4276-a7b8-4aa5113064f1 (Arna rochtain an 26 Lúnasa 2011)

[4] EirGrid (2011). EirGrid. Ar fáil ag http://www.eirgrid.com/gate3/ (Arna rochtain an 12 Lúnasa 2011).

riachtanach ar ghiniúint in-athnuaite a éascú (40% den leictreachas a bheith á ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh faoi 2020), chun freastal go dóthanach ar éilimh an chustaiméara leictreachais agus lena chinntiú go bhfuil an bonneagar soláthair leictreachais in Éirinn lenár mborradh geilleagrach a chinntiú agus lenár n-iomaíocht a uasmhéadú. Bainfear seo amach tríd an líonra reatha a threisiú go mór ar fud gach réigiúin.

Tá coinne ag Eangach 25 leis gurb ionann a bheidh an acmhainn amach anseo le haghaidh forbairt feirmeacha gaoithe laistigh den réigiún Thoir Theas agus thart ar 545 MW i dtaobh feirmeacha gaoithe ón bhfarraige agus 445 MW i dtaobh feirmeacha gaoithe san fharraige amuigh. Meastar go mbeidh 335 MW de ghiniúint gaoithe ón bhfarraige i Limistéar A, a chuimsíonn Contae Loch Garman go léir agus codanna de Chontae Chill Mhantáin, Cheatharlach agus Chill Chainnigh. Meastar go nglacfaidh Contae Loch Garman an sciar is mó den 335 MW de ghiniúint gaoithe ón bhfarraige a bhfuil coinne léi mar gheall go bhfuil an sciar is mó ann de Limistéar A. Tá acmhainní maithe gaoithe sa chontae, líonra 220kV ar féidir leis soláthar ardacmhainne a sholáthar don réigiún agus bunlíonra 110kV, anuas ar shaoráidí mórscála reatha giniúna ar Oileán Mhuire.

Críochnaíodh an tIdirnascaire Thoir-Thiar anois agus soláthraíonn sé nasc 500 MW le hEangach na Ríochta Aontaithe. Déanfaidh Eangach 25 soláthar do bhreis idirnascairí a nascadh feadh an chósta thoir theas nó theas mar gheall gurb iad seo na réigiúin is mó is dóchúla ina lonnófar idirnascairí chun nasc a dhéanamh leis an gcóras. D'fhéadfadh na hidirnascairí seo ról tábhachtach a chomhlíonadh chun idirnáisiúnú a dhéanamh ar mhargadh fuinnimh na hÉireann agus chun na hardleibhéil de ghiniúint a bhfuil coinne leo a éascú ar an oileán trí bhealach a sholáthar chun giniúint bhreise a easpórtáil nuair a bhíonn an t-

aschur ó ghiniúint in-athnuaite ard agus chun cumhacht a iompórtáil nuair a bhíonn an t-aschur íseal.[5]

1.6 Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas 2010-2022

Aithníonn SERA an gá atá leis an mbonneagar leictreachais a mhéadú sa réigiún, lena n-áirítear 'príomhlínte' nua 400 KV a fhorbairt agus treisiú na línte agus an trealaimh tharchuir 220 KV agus 110 KV. Luaitear i gCuspóir PPO 6.5 de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Thoir Theas (SERPGanna) go dtacaíonn SERA le forbairt agus fairsingiú inmharthana líonra na heangaí agus le naisc a dhéanamh amach anseo le foinsí fuinnimh in-athnuaite (tionscadail Gheata 3 ina measc0, faoi réir measúnú oiriúnachta a dhéanamh ar gach breithniúchán comhshaoil riachtanach.

Luaitear sna treoirlínte, chomh maith, go dtacaíonn an tÚdarás le huasghrádú ionad giniúna an Oileáin Mhóir ó ionad olabhreoslaithe go dtí ionad comh-thimthriall giniúna cumhacht gháis, ag a bhfuil acmhainn mhéadaithe ghiniúna a mhéid le 400 MW, chun slándáil acmhainn ghiniúna a sholáthar laistigh den Réigiún Thoir Theas. Spreagtar beartais agus cleachtais inmharthana fuinnimh sna treoirlínte a uasmhéadaíonn an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus a thacaíonn le forbairtí feirmeacha gaoithe ag na láithreacha cuí.

Luaitear sna SERPGanna gur cheart go gcuimseofaí i bpleananna forbartha spriocanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite atá ar aon dul leis an sprioc 40% a leag an Rialtas amach.

[5] EirGrid (2010) *Eangach 25: Straitéis um Fhorbairt Eangach Leictreachais na hÉireann do Thodhchaí Inbhuanaithe agus Iomaíoch ('Grid 25: A Strategy for the Development of Ireland's Electricity Grid for a Sustainable and Competitive Future').* Baile Átha Cliath: EirGrid.

1.7 Fuinneamh Gaoithe i gContae Loch Garman

Tá cúig fheirm ghaoithe ag a bhfuil comhacmhainn shuiteáilte 151.85 MW ag sciar Chontae Loch Garman d'acmhainn iomlán shuiteáilte ghaoithe na hÉireann. Cuirtear seo i gcomparáid le 280.21 MW a gineadh i gContae Dhún na nGall, ina bhfuil an líon is airde d'fheirmeacha gaoithe sa tír. Tá an sciar is mó d'acmhainn shuiteáilte ghaoithe i gContae Loch Garman sa Réigiún Thoir Theas, agus tá 17 MW i gCeatharlach, Cill Chainnigh agus Port Láirge i dteannta a chéile agus tá 90.64 MW i dTiobraid Árann (Thuaidh agus Theas). Is ionann an acmhainn shuiteáilte ghaoithe i gContae Loch Garman agus 6.75% den acmhainn iomlán shuiteáilte ghaoithe in Éirinn go dtí seo.[6]

Tábla 1: Acmhainn Shuiteáilte Ghaoithe i gContae Loch Garman

Feirm Ghaoithe	Líona na dTuirbíní	Acmhainn Shuiteáilte (MW)	Geata	An Stáisiún 110kV is Gaire
Baile Uaitéir	21	42	Réamhgheata/Geata 2	An Corrán
Caisleán Docrail	18	41.4	2	Coill an Lóiste
Ceann an Chairn	16	11.9	Réamhgheata	Loch Garman
Baile Mhic Iair	18	27	Réamhgheata/Geata 1	Loch Garman
Baile Cadáin	9	25.95	Geata 1/Geata 3	Cruaire
Baile Ámainn	2	3.6	Geata 2	Cruaire

Foinse: Tuarascáil ar Ghaoth Shuiteáilte EirGrid – an 30 Meán Fómhair 2011 atá ar fáil ag http://www.eirgrid.com/media/Connected%20Wind%20Farms%20-

[6] Tá na figiúirí cruinn ag an tráth a glacadh le Plean Forbartha Contae 2013-2019.

%2031%20Dec%202011.pdf agus Feirmeacha Gaoithe Nasctha/Fuinnmhithe Dáilte ESB Networks, atá ar fáil ag http://www.esb.ie/esbnetworks/en/generator-connections/Connected-Contracted-Generators.jsp

Taispeántar ar Léarscáil Uimh. 1 láthair na bhfeirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe i gContae Loch Garman. [7] Críochnaíodh seacht gcinn díobh seo – Baile Uaitéir, Ceann an Chairn, Caisleán Docrail, Baile an Daingin, Baile Mhic Iair, baile Cadáin agus Baile Ámainn – agus tá comhacmhainn 151.85 MW acu. Tá acmhainn ionchasach iomlán 53.7 MW ag na sé fheirm ghaoithe eile a cheadaítear. Má thógtar seo, is ionann a bheidh an t-aschur iomlán i gContae Loch Garman agus 205.55 MW. As na sé fheirm cheadaithe ghaoithe, tá ceithre cinn (32.35 MW) ar liosta na bhFeirmeacha Conraithe Gaoithe, a chiallaíonn go bhfuil Comhaontú Naisc acu le EirGrid nó le ESB Networks Limited.

[7] Ní áirítear tuirbíní singil teaghlaigh agus tionsclaíochta leis seo.

Tábla 2: Feirmeacha Ceadaithe Gaoithe i gContae Loch Garman

Uimhir an Chláir Phleanála	Láthair	Líona na dTuirbíní	Airde an Mhoil (m)	Aschur Ionchasach (MW)	Conraithe/ Tairiscint Bheo	An Acmhainn a Shuiteálfar (MW)	Geata	Spriocdhátaí Nasctha
20110504	Cnoc na Lobhra	4	85	9.2	Conraithe	5.0	1	Márta 2013
					Conraithe	3.95	3	Márta 2013
20110288	Baile na Sraithe	3	85	6.9	Conradh ná tairiscint bheo ar bith	---	---	---
20091623	Baile Sheonaic, Baile Sheáin agus Baile na Sraithe	6	85	13.8	Conradh ná tairiscint bheo ar bith	---	---	---
20090266	Cill Téile, an Ghráig Mhór agus Buaile na hEanaí	6	80	14.8	Conraithe	14.8	2	Feabhra 2013
20034003	An Baile Dubh	2	85	5.0	Conraithe	4.0	2	Márta 2013
					Tairiscint Bheo	0.6	---	---
20033444	Baile an Aonchrainn	2	78	4.0	Conraithe	4.0	2	Márta 2013

Foinse: Feirmeacha Conraithe Gaoithe Dáilte ESB Networks atá ar fáil ag http://www.esb.ie/esbnetworks/en/generator-connections/Connected-Contracted-Generators.jsp agus Nochtadh Iarratas ar Thairiscint Nasctha EirGrid – an 17 Nollaig 2012

1.8 Riachtanais Fuinnimh

Tá *cás NEEAP/NREAP* i dtuartha Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) d'Éirinn a fhad le 2020: Tuarascáil 2010 bunaithe ar na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh 2009-2020 (an NEEAP) (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2009) agus an NREAP. I ndiaidh an cháis seo, táthar ag súil leis go dtiocfaidh borradh 7.6% ar an úsáid iomlán deiridh fuinnimh in Éirinn aníos ó 2,429 coibhéis chileathonna ola in 2009 go dtí 2,613 coibhéis chileathonna ola in 2020. Baineann buntábhacht leis an idirghníomhú idir bearta éifeachtúlachta a chur i bhfeidhm a laghdaíonn an t-éileamh ar fhuinneamh agus an leibhéal iarrachta a theastaíonn chun dualgais ar thaobh an tsoláthair a chomhlíonadh leis an gcás seo.

Ar aon dul le beartas an Rialtais, ní mór d'Éirinn 40% dá leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2020. Is ionann cás an *NEEAP/NREAP* agus 1,032 coibhéis chileathonna ola a sholáthraítear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite in 2020 i dtaobh na sprice seo. Measann cás an *NEEAP/NREAP* go soláthróidh an ghaoth 88.2% nó 910 coibhéis chileathonna ola den fhuinneamh seo. Is ionann seo agus 10,601 GWh nó 4,034 MW den acmhainn shuiteáilte fuinneamh gaoithe (agus fachtóir acmhainne 30%[8] á úsáid).

De réir réamhthorthaí Dhaonáireamh 2011, is ionann sciar Chontae Loch Garman den daonra náisiúnta agus thart ar 3.17%. Nuair a úsáidtear an daonra

[8] Is é an fachtóir acmhainne cóimheas iarbhír aschuir feirm ghaoithe i gcaitheamh tréimhse ama agus aschur féideartha na feirme má d'oibrigh sí ar lánacmhainn an t-am go léir. I dtaobh feirm ghaoithe, deimhnítear an fachtóir acmhainne, den chuid is mó, tríd an bhfáil atá ar an ngaoth. Léirítear i **dTuarascáil Bhliantúil Ghaoithe an IEA 2010** an mheánacmhainn náisiúnta ghineadóir gaoithe do gach bliain ó 2002 go 2010. Is ionann an meánfhactóir acmhainne i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana idir 2006 agus 2010 agus 29.4%. Féadfaidh tréimhsí fadálacha de dhrochaimsir an fachtóir acmhainne a laghdú go mór in aon bhliain ar leith.

seo mar athróg ionadach, b'ionann a bheadh an t-éileamh ar leictreachas i gContae Loch Garman agus 3.17% den mhargadh náisiúnta leictreachais in 2020. Ar an ábhar sin, b'ionann a bheadh 40% den mhargadh leictreachais i Loch Garman in 2020 agus 33 coibhéis chileathonna ola, arb ionann sin agus 386 GWh nó 146 MW den acmhainn shuiteáilte fuinneamh gaoithe (agus fachtóir acmhainne 30% á úsáid). Má sholáthraíonn an ghaoth, ar aon dul le cás an *NEEAP/NREAP*, 88.2% den sprioc fuinnimh in-athnuaite, b'ionann seo agus 29 coibhéis chileathonna ola, arb ionann sin agus 340 GWh nó 129 MW d'fhuinneamh suiteáilte gaoithe.

Is ionann an acmhainn shuiteáilte ó fheirmeacha reatha gaoithe i gContae Loch Garman agus 151.85 MW, agus tá sé fheirm cheadaithe ghaoithe ann, chomh maith, ag a bhfuil acmhainn bhreise 53.7 MW. Sáróidh Contae Loch Garman a scair comhréireach den sprioc náisiúnta athnuaiteán 40% i dtaobh leictreachais in 2020, ar an ábhar sin, bunaithe ar fhorbairtí suiteáilte agus ceadaithe feirme ghaoithe. Má thógtar gach ceann de na sé fheirm cheadaithe ghaoithe, bunaithe ar chás an *NEEAP/NREAP* agus ar fhachtóir acmhainne 30%, is ionann a bheidh úsáid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite, dá thoradh, agus 56% (539 GWh) den úsáid iomlán leictreachais i gContae Loch Garman in 2020. Mura dtógtar ach iad siúd ar Liosta na bhFeirmeacha Conraithe Gaoithe, laghdaítear an céatadán seo anuas go dtí 50% (484 GWh).[9]

De réir an Atlais Ghaoithe, tá fáil i bhfad níos mó i gContae Loch Garman ar an ngaoth (i.e. luas gaoithe níos airde thar limistéar tíreolaíochta níos mó) ná na ceithre chontae eile sa Réigiún Thoir Theas. Nuair a chuirtear an acmhainn seo, tuartha i leith éilimh ar leictreachas agus faoi réir go soláthraítear an bonneagar riachtanach tarchuir san áireamh, d'fhéadfaí forbairtí breise fuinneamh gaoithe a

[9] As na sé fheirm cheadaithe ghaoithe, tá ceithre fheirm (32.35 MW) ar liosta na bhFeirmeacha Conraithe Gaoithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dteastaíonn ceadúnais agus údarú ón CER go leanfar ar aghaidh le forbairtí feirm ghaoithe, anuas ar chead pleanála agus conradh eangaí.

lonnú i gContae Loch Garman agus d'fhéadfaí cur go mór le dícharbónú sholáthar fuinnimh na hÉireann. Oibríonn an Straitéis seo, ar an ábhar sin, i dtreo sprioc 255 MW fuinneamh gaoithe faoin mbliain 2019, a chuirfidh ar chumas Chontae Loch Garman a chomhionann de 70% dá riachtanais leictreachais a ghiniúint ó fhuinneamh gaoithe.

Tá roghanna eile fuinnimh in-athnuaite ann, chomh maith leis sin, ar nós fuinneamh taoide, a d'fhéadfadh a chur ar chumas an Chontae níos mó leictreachais a sholáthar ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ná a úsáid iomlán leictreachais. Ina leithéid de chás, bheifí in ann glaneaspórtálaí leictreachais a dhéanamh de Chontae Loch Garman.

1.9 Feirmeacha Gaoithe ón bhFarraige

Tagann feirmeacha gaoithe ón bhfarraige faoi chuimsiú dhlínse dhlíthiúil an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (i dtaobh an chladaigh a fhad le 12 mhuirmhíle amach ón gcladach) agus ní mheastar gurb ionann iad, ar an ábhar sin, agus cuid de Straitéis Fuinneamh Gaoithe Loch Garman. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfadh go mbeadh údaráis áitiúla freagrach as gnéithe ar an gcladach d'fheirmeacha gaoithe san fharraige amuigh, ar nós radharc talún ar chláblaí agus bonneagar nasctha eagnaí ar an gcladach. Anuas air sin, d'fhéadfadh go mbeadh údaráis áitiúla bainteach, chomh maith, mar chomhairlithe i rith an phróisis toilithe le haghaidh feirmeacha gaoithe san fharraige amuigh.

Is gnách go mbíonn aschur leictreachais níos airde ag tuirbíní gaoithe san fharraige amuigh ná mar a bhíonn acu siúd ar an gcladach, agus tá tuirbíní ag a bhfuil acmhainn 5 MW á dtáirgeadh anois, agus tá tuirbíní ag a bhfuil acmhainn a mhéid le 10 MW acu á bhforbairt. Cuirtear seo i gcomparáid le meánacmhainn tuirbín thart ar 2 MW i dtaca le gaoth ar an gcladach. [10] Is gá dul i ngleic le

[10] Comhlachas Náisiúnta na hÉireann um Ghaoth san Fharraige Amuigh (2011). ('NOW Ireland'). Ar fáil ag http://www.nowireland.ie/ (Arna rochtain an 11 Samhain 2011)

saincheisteanna, áfach, ar nós léasú urthrá agus idirghníomhú le húsáideoirí muirí eile agus leis an timpeallacht mhuirí.

Sainaithnítear i nDréacht-Phlean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite san Fharraige Amuigh (an OREDP) (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2010) limistéir fhéideartha chun fuinneamh gaoithe a fhorbairt, ina measc fuinneamh gaoithe, tonnfhuinneamh, fuinneamh taoide nó meascán d'aon chinn de na trí fhuinneamh. Sainaithnítear an acmhainn le haghaidh 4,500 MW ó fhuinneamh gaoithe san fharraige amuigh agus 1,500 MW ó thonnfhuinneamh agus fuinneamh taoide. Sainaithnítear an Cósta Thoir – Theas le haghaidh forbairt gaoithe agus taoide, agus sainaithnítear an Cósta Theas le haghaidh forbairt gaoithe amháin. Tá seo faoi réir roinnt cáilíochtaí agus caveatanna, ina measc:

- Ní áirítear leis na limistéir fhéideartha a shainaithnítear le haghaidh forbartha gach srian teicniúil a bhfuiltear feasach orthu (láithreáin dobharshaothraithe, bonneagar ola agus gáis, píblínte agus cáblaí, láithreáin diúscartha agus limistéir dhreideála).
- Tá 4,500 MW ón ngaoth san fharraige amuigh agus 1,500 MW a fhorbairt ó thonnfhuinneamh agus fuinneamh taoide bunaithe ar limistéir lasmuigh de gach láithreán ainmnithe caomhnaithe dúlra a fhorbairt, ach ní dhéanann seo na láithreáin seo eisiamh, mar dhea, ó fhorbairt amach anseo, faoi réir líon suirbhéanna, monatóireacht agus taighde fairsing chun fianaise leordhóthanach a sholáthar nach n-imreodh forbairt ar leith drochthionchar suntasach ar shlándáil an láithreáin.
- Is dóchúil go dteastóidh suirbhéanna/monatóireacht bhreise i láithreacha áirithe lena dheimhniú cé acu an imreofaí nó nach n-imreofaí drochthionchar ar dháileadh na bpríomhghnáthóg agus na bpríomhspeiceas beantach lasmuigh de na láithreáin ainmnithe agus ar idirghníomhú idir forbairtí fuinnimh in-athnuaite san fharraige amuigh agus speicis shoghluaiste ar nós mamaigh mhuirí, éin mhara, reiptílí agus éisc.

Is é an t-aon fheirm ghaoithe san fharraige amuigh a tógadh go dtí seo an chéad chéim (25 MW) de thionscadal Bhruach an Inbhir Mhóir 520 MW. Deonaíodh Léasanna Urthrá don chuid eile de thionscadal seo Bhruach an Inbhir Mhóir agus do thionscadal gaoithe san fharraige amuigh 1,100 MW ag Bruach Codling i Muir Éireann. Níl tairiscint nasctha eangaí faighte ag ceachtar díobh faoi láthair, áfach. Rinneadh iarratais ar Léasanna Urthrá do thrí fhorbairt bhreise feirm ghaoithe: Sraith Bhaile Átha Cliath (amuigh ó Cheann Bhré, Contae Chill Mhantáin – i Muir Éireann) 364 MW), Oriel (Cuan Dhún Dealgan, Contae Lú – i Muir Éireann) (330 MW) agus Fuinneamh Sceirde Teoranta (Cuan na Gaillimhe amuigh, cósta an Atlantaigh) (100 MW). Tá tairiscint nasctha eangaí ag gach ceann de na trí fhorbairt mar chuid de phróiseas Gheata 3. Taispeántar i dTuarascáil Eirgid 'Tairiscint Nasctha: Nochtadh Iarratas – an 11 Eanáir 2012 go bhfuil iarratas ann, chomh maith, ar nasc eangaí le haghaidh feirm ghaoithe 600 MW san fharraige amuigh ag Bruacha Glassgorman amuigh ó chósta Chontae Loch Garman. [11] Níl tairiscint nasctha eangaí ná léas urthrá aici, áfach, faoi láthair.

[11] EirGrid (2011). EirGrid. Ar fáil ag: http://www.eirgrid.com/customers/completedgenerationapplications/ (Arna rochtain an 14 Samhain 2011)

Mír 2 – Modheolaíocht

2.1 Réamhrá

Ullmhaíodh an Straitéis Fuinneamh Gaoithe i gcomhréir leis na Treoirlínte um Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe agus le dea-chleachtas. B'éard a bhí i gceist leis an modheolaíocht ná anailís a dhéanamh ar na príomhchritéir chomhshaoil, thírdhreacha, theicniúla agus gheilleagracha. Úsáideadh GIS chun scrúdú a dhéanamh ar réimse tosca a bhaineann le forbairt fuinneamh gaoithe, ina measc: acmhainn fuinneamh gaoithe (tríd an Atlas um Luas na Gaoithe), bonneagar na heangaí, sainithe oidhreachta nádúrtha, lonnaíochtaí uirbeacha, íogaireacht tírdhreacha agus láthair na bhfeirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe. Léarscáilíodh agus forleagadh gach ceann de na critéir seo ar GIS leis na láithreacha is oiriúnaí a dheimhniú le haghaidh forbairt feirm ghaoithe. Anuas air sin, scrúdaíodh straitéisí údarás ina n-aice d'fhonn comhsheasmhacht ar fud na dteorainneacha a chinntiú.

2.2 Acmhainn Ghaoithe

Úsáideadh Atlas Gaoithe 2003 Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann (an SEI) chun sonraí a asbhaint ar acmhainní srianta gaoithe le haghaidh Chontae Loch Garman. [12] Soláthraíonn Atlas Gaoithe an SEI faisnéis ar luas na gaoithe a dhéantar a shamhaltú ar airdí 50 méadar, 75 méadar agus 100 méadar os cionn leibhéal na talún. Ar mhaithe le cuspóirí na Straitéise seo, rinneadh an cinneadh

[12] Léirítear ar na léarscáileanna luas srianta na gaoithe na limistéir ina sáraíonn an ghaoth 7.5m an soicind agus na háiteanna a meastar gurb ionann feirmeacha gaoithe agus acmhainn tráchtála atá inmharthana/indéanta i dtaobh cúrsaí tráchtála de, atá faoi shrian ag teorainneacha fisiciúla, aerfoirt, bóithre, lochanna, canálacha, iarnróid, bonneagar leictreach, agus lonnaíochtaí uirbeacha.

chun luas gaoithe ag 75 méadar os cionn leibhéal na talún a úsáid mar gheall go léiríonn seo airdí níos ísle na dtuirbíní le haghaidh oibreoirí gaoithe tráchtála. Ní dhearnadh anailís ach ar luas na gaoithe os cionn 7.5 méadar an soicind, mar gheall nach meastar go bhfuil luas na gaoithe faoi bhun an leibhéil seo indéanta i dtaobh cúrsaí tráchtála de chun fuinneamh gaoithe a ghiniúint. Taispeántar na torthaí ar Léarscáil Uimh. 2.

2.3 An Líonra Tarchuir

Rochtain agus gaireacht don líonra tarchuir atá i gceist leis an dara breithniúchán chun limistéir a shainaithint le haghaidh forbairt feirm ghaoithe. Taispeántar ar Léarscáil Uimh. 2 an bonneagar reatha tarchuir i gContae Loch Garman. Mar riail ghinearálta, is gá do na forbairtí fuinneamh gaoithe níos mó rochtain a fháil ar línte cumhachta níos mó, ar nós na línte 400kV nó 220kV. Féadfaidh forbairtí fuinneamh gaoithe níos lú rochtain a fháil ar an líonra acmhainne níos lú, ar nós 110kV nó 38kV. Bíonn breithniúcháin éagsúla theicniúla i gceist chomh maith, áfach, nuair a fhaightear rochtain ar an líonra tarchuir.

2.4 Láithreáin Ainmnithe

Léirítear na láithreáin a ainmnítear faoi reachtaíocht na hEorpa agus Náisiúnta chun an oidhreacht nádúrtha a chosaint, gnáthóga agus speicis, flóra agus fána ina measc, ar Léarscáil Uimh. 3. Áirítear leo seo Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC), Limistéir iarrthóra Chaomhantais Speisialta (cSAC), Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a bheartaítear (pNHA), Tearmainn Dúlra, Limistéir Dhiúilicíní Péarla agus Limistéir Shliogéisc. Fágadh na láithreáin ainmnithe as an áireamh ó na limistéir 'Inghlactha i bPrionsabal' agus 'Oscailte le haghaidh Breithniú'.

Tugtar láithreáin Natura 2000 ar SACanna agus SPAanna, agus cruthaíonn siad cuid den líonra láithreán lena mbaineann an tábhacht bhithéagsúlachta is mó san AE, i dteannta a chéile. Tugadh faoi Tástáil i leith Measúnú Oiriúnachta chun measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha na Straitéise seo ar láithreáin Natura 2000. Anuas air sin, tugadh faoi phróiseas SEA a rinne measúnú ar thionchar féideartha níos fairsinge bithéagsúlachta maidir leis an Straitéis seo.

2.5 Limistéir Chónaithe

Contae tuaithe, den chuid is mó, atá i Loch Garman agus tá ann patrún tréan de bhailte agus sráidbhailte neamhspleácha atá nasctha ag an líonra náisiúnta agus réigiúnach bóithre. Seachnaíonn na limistéir a sainaithníodh le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe lonnaíochtaí níos mó Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Ghuaire. Ina theannta sin, cuireadh crios íosta eisiaimh 1,000 méadar i bhfeidhm ar gach Baile Ceantar agus Sráidbhaile Tréan a shainaithnítear i Straitéis Lonnaíochta Phlean Forbartha Chontae Loch Garman. Éascóidh na criosanna eisiaimh seo borradh, forbairt agus infheistíocht leanúnach isteach sna lonnaíochtaí reatha seo.

Tá ard-daonra tuaithe ann i gContae Loch Garman. Úsáideadh Logeolaire (Geodirectory) chun dlús na tithíochta in aghaidh an chiliméadair chearnaigh i ngach baile fearainn a shainaithint. Taispeántar na torthaí ar Léarscáil Uimh. 4.Fágadh bailte fearainn ina raibh dlúsanna níos airde as an áireamh ó na limistéir ‘Inghlactha i bPrionsabal’ agus ‘Oscailte le haghaidh Breithniú’.

In ainneoin gur sainaithníodh na limistéir ‘Inghlactha i bPrionsabal’ agus ‘Oscailte le haghaidh Breithniú’ le haghaidh forbairt feirm ghaoithe, ar mhaithe le conláiste cónaithe a chosaint, ní cheadófar tuirbíní gaoithe laistigh de 500m d’aon teach reatha nó ceadaithe cónaithe, seachas sa chás go dtugann an t-úinéir toiliú i scríbhinn. D’fhéadfadh fad níos mó ná 500 méadar a bheith ag teastáil ag brath ar airde na dtuirbíní a bheartaítear agus mar gheall go bhféadfadh torann

méadaithe agus caochadh scátha bheith ina n-údar le cur isteach. Ar an gcuma chéanna, ní cheadófar tuirbíní laistigh de 250 méadar den teorainn le gabháltas atá ina n-aice, mura dtugann an t-úinéir toiliú i scríbhinn.

2.6 Feirmeacha Gaoithe Reatha agus Ceadaithe

Tugadh aird ar leith ar na feirmeacha gaoithe ceadaithe agus reatha oibríochtúla agus ar infheistíochtaí a rinne forbróirí príobháideacha, BSL agus EirGrid ina measc, i dtaobh rochtain láithreáin ar bhóithre, bonneagar tarchuir agus dáilte leictreachais agus fostáisiúin atá suite go cuí. Aithníonn an Chomhairle na deiseanna a chruthaítear ó thuirbíní níos éifeachtúla a úsáid ar fheirmeacha bunaithe gaoithe, mar gheall go ngineann siad torthaí i bhfad níos airde fuinnimh in aghaidh an tuirbín, agus laghdaíonn sin an gá le tuirbíní breise, dá bharr. Anuas air sin, baineann tábhacht, chomh maith, le grúpáil nó braisliú tionscadail ghaoithe sách gar dá chéile ar láithreáin ag a bhfuil an acmhainn oiriúnach, chun costais ar fhorbróirí agus tomhaltóirí araon a laghdú. Cuireann forbairtí dea-phleanáilte braisle ar chumas forbróirí chun meánchostais níos ísle nasctha a bhaint amach agus chun costais agus amlínte soláthair bonneagair a laghdú d'Oibreoir na hEangaí.

2.7 Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire

Rinneadh breithniú, chomh maith leis sin, ar limistéir lena mbaineann tábhacht shuntasach le haghaidh caitheamh aimsire agus turasóireachta. Rinneadh breithniú, go háirithe, ar limistéir bhunaithe thurasóireachta agus chaitheamh aimsire, ar nós Shléibhte na Staighrí Dubh, Stua Laighean, Leithinis Rinn Duáin agus limistéir eile an chósta mar gheall ar a n-ardluach scéimhe, a bhfeidhmeanna caitheamh aimsire/turasóireachta, a sainiúcháin oidhreachta nádúrtha nó a n-acmhainní seandálaíochta. Níl forbairtí feirm ghaoithe comhoiriúnach do leasanna turasóireachta agus fóillíochta, ach is gá a bheith cúramach lena chinntiú nach n-imríonn forbairtí feirm ghaoithe a shuitear ar

bhonn neamhíogair tionchar diúltach ar acmhainní turasóireachta. Chomh maith leis sin, is gá breithniú a dhéanamh ar a mhéid is féidir freastal ar eachtraí agus saoráidí caitheamh aimsire, ar nós siúlán, agus iad a éascú cé acu laistigh d'fhorbairtí fuinneamh gaoithe nó ina n-aice.

2.8 Soghabháltacht i leith Sciorradh Talún

Níl i bhfána ach paraiméadar amháin chun limistéir ina bhfuil soghabháltacht fhéideartha i leith sciorradh talún. Anuas air sin, féadfaidh tosca eile – saghas na hithreach (mianra nó móin), doimhneacht na hithreach, buncharraig, gné agus patrúin aimsire go léir cur le soghabháltacht i leith sciorradh talún. Chuathas i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) fad a bhí an straitéis seo á hullmhú. Moladh gur cheart tabhairt faoin measúnacht riosca i leith sciorradh talún ar bhonn láithreán ar láithreán agus gur cheart don bheartas an tábhacht a léiriú a bhaineann le tabhairt faoi shamhaltú, measúnacht riosca agus maolú leordhóthanach ag céim an iarratais phleanála. Beidh ar iarratais ar fhorbairtí feirm ghaoithe measúnacht i leith soghabháltachta i leith sciorradh talún agus measúnacht riosca a chur san áireamh lena chinntiú go ndéantar gach toisc a chuireann le héagobhsaíocht fána a shainaithint agus go dtéitear i ngleic leo i gceart.

2.9 Seandálaíocht

Go ginearálta, tá tionchar seandálaíochta a bhaineann le forbairtí feirm ghaoithe sonrach i dtaobh láithreáin de. Ina ainneoin sin, tá braislí suntasacha de láithreáin seandálaíochta nó tírdhreacha seandálaíochta ann sa tír, go háirithe i ndeisceart an chontae agus timpeall ar bhailte stairiúla. Chomh maith leis sin, tá roinnt láithreán agus séadchomharthaí ann faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht phoiblí atá ina n-acmhainn turasóireachta reatha nó a bheidh amhlaidh amach anseo. Gan forbairt feirm ghaoithe a fhágáil as an áireamh, ba

cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar thionchar amhairc feirmeacha gaoithe ar na láithreáin agus na séadchomharthaí seandálaíochta siúd.

2.10 Struchtúir Chosanta

Cé nár sholáthair láthair na struchtúr cosanta sainaithint limistéar le haghaidh forbairt feirme, beidh sé tábhachtach go ndéantar measúnú ar thionchar forbairtí feirm ghaoithe a bheartaítear ar na struchtúir siúd ag céim an iarratais phleanála. B'fhéidir go mbeidh ar iarratais áirithe measúnú a chur san áireamh ar thionchar forbartha beartaithe ar nádúr seandálaíochta. Ba cheart go dtabharfaidh ailtire caomhnaithe faoi mheasúnachtaí agus moltar, ag céim na réamhphleanála, gur cheart teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Pleanála lena dheimhniú an bhfuil gá ann lena leithéid de mheasúnacht.

2.11 Láithreáin Gheolaíochta

Chuathas i gcomhairle le GIS maidir le láithreáin lena mbaineann tábhacht gheolaíochta i gContae Loch Garman. Tá GSI agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an DECLG) i mbun láithreáin thábhachtacha gheolaíochta agus gheomoirfeolaíocha a shainaithint in Éirinn faoi láthair go ndéanfar iad a shainiú mar NHAanna. Tá na láithreáin á roghnú faoi 16 théama dhifriúla geolaíochta agus tá sampla ionadaíoch le sainaithint faoi gach téama. Sainaithnítear an dara sraith de Láithreáin Gheolaíochta Contae (CGS) lena gcuimsiú i bpleananna forbartha chun roinnt aitheantais agus cosanta a fháil tríd an gcóras pleanála. I gContae Loch Garman, moladh 26 láithreán le haghaidh sainiú NHA agus moladh 11 láithreán le haghaidh sainiú CGS. Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar thionchar feirmeacha gaoithe ar na láithreáin siúd.

2.12 Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc

Úsáideadh an Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha (LCA) chun faisnéis a sholáthar don Straitéis seo. Sainaithnítear sa LCA aonaid nádúr an tírdhreacha atá ina n-aonaid de shaintréithe agus gnéithe cosúla den tírdhreach ag a bhfuil cáilíocht agus iomláine aonfhoirmeach thírdhreacha. Sainaithnítear ceithre aonad nádúr an tírdhreacha: Ardtailte, Ísealtailte, Gleannta Abhann agus Cósta. Laistigh de na haonaid seo tá 'Tírdhreacha Níos Íogaire', chomh maith. Tá na tírdhreacha seo lonnaithe den chuid is mó laistigh de na haonaid tírdhreacha ísealtailte agus cósta agus gnéithe sa tírdhreach agus sa mhuirdhreach sa iontu a mbaineann an díol spéise agus an infheictheacht is mó leo, agus, ar an ábhar sin, tá siad níos íogaire d'fhorbairt, go ginearálta. Taispeántar na haonaid nádúr an tírdhreacha agus na tírdhreacha níos íogaire ar Léarscáil Uimh. 5.

Úsáideadh na haonaid nádúr an tírdhreacha mar bhonnlíne chun measúnú a dhéanamh ar acmhainní go bhfreastalóidh limistéir ar fhorbairt feirm ghaoithe agus ar an scála d'fhorbairt feirm ghaoithe a d'fhéadfadh bheith inghlactha laistigh de gach aonad. Rinneadh gach aonad nádúr an tírdhreacha a mheaitseáil le Cineál Nádúr Tírdhreacha (LCT) sna Treoirlínte Forbartha Fuinneamh Gaoithe. Ar an mbealach seo, rinneadh measúnú ar chumas gach aonaid nádúr an tírdhreacha chun glacadh le forbairt nua feirm ghaoithe. Léirítear na torthaí i dTábla 3 thíos.

Tábla 3: Treoir Straitéiseach maidir le hAcmhainn an Tírdhreacha le haghaidh Forbairtí Fuinneamh Gaoithe i Limistéir Nádúir Tírdhreacha

LCA	Saintréithe	Acmhainní Gaoithe agus Cumas Feirm Ghaoithe	Acmhainn an Tírdhreacha le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe	LCTanna i dTreoirlínte 2006	Méid Chuí Feirmeacha Gaoithe
Ardtailte	Talmhaíocht agus tógáil stoic ídealdlúis, fáschoillte buaircíneacha foraoise agus limistéir d'fhásra idirthréimhseach. Bíonn drochdhraenáil, níos mó gaoithe/báistí, fásra agus úsáid talún theoranta ina saintréithe de thalamh níos airde. Cuimsítear sa tírdhreach seo talamh, dromanna agus spéirlínte níos airde agus níos géire, atá infheicthe sa tírdhreach foriomlán, agus atá níos íogaire i leith forbartha den chuid is mó. Tá feirmeacha gaoithe a tógadh le déanaí ina ngné den tírdhreach seo le déanaí.	Cumas: Ard Gabhann líne 220kV tríd an limistéar/in aice an limistéir seo Limistéir ina bhfuil ardluas gaoithe Tá feirm ghaoithe Chaisleán Docrail (12 thuirbín) agus feirm ghaoithe Bhaile an Daingin (6 thuirbín) lonnaithe sa cheantar seo agus deonaíodh cead le haghaidh ocht bhfeirm ghaoithe bhreise.	Tá acmhainn theoranta ann chun breis forbartha a lonnú anseo.	Móinteach Sléibhe – d'fhéadfadh seo a bheith neamhoiriúnach le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe ar chúiseanna lena mbaineann oidhreacht nádúrtha agus an chaoi go mbaineann cáilíocht annamh scéimhe agus/nó go dtacaíonn siad le cuid de na limistéir dheireanacha fiántais i dtírdhreacha iargúlta nach bhfuil millte ná loite den chuid is mó.	Níl sé oiriúnach a thuilleadh – lonnaithe sa limistéar 'Dícheadaithe de Ghnáth'.
Ísealtailte	Tá tailte torthúla den chuid is mó ina bhfuil ardleibhéil daonra agus talmhaíocht níos déine sna limistéir seo, go ginearálta. Sonraítear fána agus topagrafaíocht in aistriú éadomhain/de réir a chéile. Radhairc fhairsinge trasna páirceanna móra.	Cumas: Idir Cumas Measartha agus Ardchumas Gabhann línte 220kV agus 110kV tríd an limistéar seo Ardluas gaoithe Tá Feirm ghaoithe Bhaile Mhic Iair (18 dtuirbín)	Tá ardacmhainn lasmuigh de na criosanna eisiaimh le haghaidh lonaníochtaí agus na sainiúchán oidhreachta nádúrtha. Chun tionchar díréireach amhairc a sheachaint agus chun breithniú a dhéanamh ar nádúr an tírdhreacha a bhíonn fairsing, réidh agus rialta go minic, ba cheart go mbeadh forbairtí feirm ghaoithe teoranta do limistéir	Talamh Feirme Chnocach agus Réidh – cé nach gnách go mbíonn talamh feirme chnocach agus réidh an-íogair i leith radharcra, ní mór an aird mar is ceart a thabhairt ar thithe, áitribh feirme agus lárionaid	Tá deiseanna ann chun forbairtí feirm ghaoithe a lonnú sna limistéir chriosaithe faoi réir leagan amach agus suíomh cúramach ina ndéantar scagadh topagrafach sa chás gur féidir.

LCA	Saintréithe	Acmhainní Gaoithe agus Cumas Feirm Ghaoithe	Acmhainn an Tírdhreacha le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe	LCTanna i dTreoirlínte 2006	Méid Chuí Feirmeacha Gaoithe
	Tá roinnt cnoic fheiceálacha ann a sholáthraíonn fálú agus 'suntas' níos mó laistigh den tírdhreach ar an iomlán.	suite sa chuid ó dheas den chrios seo.	shonracha an réigiúin. Dá bharr, ba cheart go mbeadh tionchar carnach amhairc teoranta do na láithreacha siúd agus a bpurláin mórthimpeall agus níor cheart dóibh tionchar a imirt ar limistéir léargais ar fud na coda eile den Chontae.	daonra.	
Gleannta Abhann	Is cosúil saintréithe gleannta abhann le saintréithe na n-ísealtailte, ach tá cuma orthu lena mbaineann luach níos airde scéimhe mar gheall go bhfuil aibhneacha agus a ngnáthóga gaolmhara bruachánacha agus coillearnaí ann.	Cumas: Íseal Luas gaoithe níos lú ná 7.5m/s	Tá ísealchumas ann chun forbairt feirm ghaoithe a lonnú sa limistéar seo mar gheall ar luach scéime agus sainiúcháin oidhreachta nádúrtha.	Talamh Feirme Chnocach agus Réidh	Dícheadaithe de Ghnáth
Cósta	Is iad saintréithe an chósta thoir cóstaí fada sách díreacha de ghaineamh nó scaineagán a bhfuil aillte ísle agus córais duimhche taobh thiar díobh. Tá níos mó cinn tíre agus bánna níos lú ann sa chuid ó thuaidh den chósta thoir. Tá tránna fada agus córais duimhche ar an gcósta theas agus tá radhairc ann ar Oileáin an tSailte agus ar Oileán na gCaorach.	Cumas: Idir Cumas Measartha agus Ísealchumas Ardluas gaoithe ach tá an tromlach den tírdhreach suite i bhfad ón eangach. Tá feirm ghaoithe Bhaile Uaitéir (21 tuirbín) agus feirm ghaoithe Cheann an Chairn (16 thuirbín) lonnaithe sa cheantar seo.	Tá ísealchumas ann mar gheall ar luach scéimhe, turasóireachta agus caitheamh aimsire an limistéir seo, anuas ar roinnt lonnaíochtaí beaga, ard-tiúchan de thithe aonuaire agus líon suntasach de láithreáin chaomhantais dúlra. Mar gheall ar nádúr íseal an Chósta Theas, bheadh feirmeacha gaoithe infheicthe ó limistéar fairsing.	Crios an Chósta	Dícheadaithe de Ghnáth
Tírdhreacha Níos Íogaire	Cnoic agus Dromanna – cuireann siad radhairc fhairsinge ar fáil trasna an tírdhreacha máguaird.	Cumas: Íseal Ardluas gaoithe ach tá an tromlach den tírdhreach suite i bhfad ón eangach.	Ísealchumas mar gheall ar luach scéimhe, turasóireachta agus caitheamh aimsire, leasanna geolaíochta, seandálaíochta nó caomhnaithe an dúlra.	Talamh Feirme Chnocach agus Réidh/Chósta	Dícheadaithe de Ghnáth

LCA	Saintréithe	Acmhainní Gaoithe agus Cumas Feirm Ghaoithe	Acmhainn an Tírdhreacha le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe	LCTanna i dTreoirlínte 2006	Méid Chuí Feirmeacha Gaoithe
	Dobharlaigh – cruthaíonn na gnéithe uisce agus an talamh atá íseal den chuid is mó ina bhfuil siad suite tírdhreacha soiléire. Tírdhreacha suntasacha iontu féin iad na hOileáin timpeall chósta theas Loch Garman, agus déanann siad suntas agus díriú a sholáthar don mhuirdhreach. Cinn Tíre an Chósta – is gnéithe feiceálacha iad i dtírdhreach/muirdhreach an chósta. Leithinis Rinn Duáin – tá aillte atá íseal agus carraigeach, den chuid is mó mar shaintréithe aici. Tá tírdhreach an-réidh íseal sainiúil ann ag beann theas na leithinse a thugann foirgnimh thalmhaíochta agus chónaithe chun suntais. Cnoic na Scríne – is ionann na cnoic agus an deilt ardaithe teagmhála oighir is mó in Éirinn agus b'fhéidir san Eoraip. Cruthaíonn na slabaí ag Loch Garman agus ag an Inis agus ag Baile Thaidhg tírdhreacha sainiúla ísle réidh ar a bhfuil díoga díreacha draenála agus limistéir bhogaigh, a chruthaigh				

LCA	Saintréithe	Acmhainní Gaoithe agus Cumas Feirm Ghaoithe	Acmhainn an Tírdhreacha le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe	LCTanna i dTreoirlínte 2006	Méid Chuí Feirmeacha Gaoithe
	tionscadail míntírithe talún den chuid ba mhó sna 1800idí.				

Chun tionchar féideartha carnach a sheachaint, rinneadh breithniú ar shainithe úsáid talún i gcontaetha máguaird. Taispeántar ar Léarscáil Uimh. 6 na limistéir a shainaithnítear mar an rogha láithreacha nó mar limistéir atá oscailte le haghaidh breithniú le haghaidh forbairt feirm ghaoithe sna contaetha máguaird. Tá limistéir shuntasacha in aice na teorann le Loch Garman i gcontaetha Chill Mhantáin agus Cheatharlach oscailte le haghaidh breithniú i dtaobh forbairt feirm ghaoithe. Tháinig sé chun solais, fad a bhí an Straitéis seo á hullmhú, go bhfuil dhá limistéar a sainaithníodh amhail bheith Oscailte le haghaidh Breithniú i Straitéis Fuinneamh Gaoithe Cheatharlach laistigh de Chontae Loch Garman. Chuir Comhairle Contae Loch Garman Comhairle Contae Cheatharlach ar an eolas ar an earráid seo. Ní dhéanfar breithniú fabhrach ar iarratais ar fhorbairt fuinneamh gaoithe sna limistéir seo faoi Straitéis Fuinneamh Gaoithe Loch Garman.

Rinneadh breithniú, chomh maith leis sin, ar radhairc scéimhe agus ar radhairc chosanta ó na contaetha máguaird. Sainaithnítear i Sceideal 17.9 de Phlean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2010-2016 radharc ó R748 Bhealach Holt ag an gCúil Rua i dtreo Chnoc na hEanaí agus an Chruacháin (Radharc Uimhir 52) mar radharc lena mbaineann luach speisialta conláiste. Sainaithnítear Bealach L2021-97 Chluain na nGall (Bealach Scéimhe Uimhir 1), ina bhfuil an Gleann a fhad le hArdtailte Loch Garman suite, mar bhealach scéimhe i bPlean Forbartha Contae Cheatharlach 2009-2015.

Breithniúchán breise i dtaobh tionchar amhairc is ea láthair na bhforbairtí reatha agus ceadaithe feirm ghaoithe sna contaetha máguaird. Taispeántar ar Léarscáil Uimh. 1 láthair na bhfeirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe i gContae Loch Garman agus i gcontaetha máguaird a fhad le 15km ó theorainn an chontae. [13] Tugadh faoi anailís ar limistéar léargais i gcás roinnt de na feirmeacha gaoithe seo. Limistéar atá i limistéar léargais atá infheicthe ó láthair shonrach bunaithe ar

[13] Ag an tráth a bhí an Plean á réiteach, níorbh fhéidir feirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe i gContae Cheatharlach a léarscáiliú.

luachanna airde samhail dhigiteach den airde (DEM). Cé gur treoir áisiúil na limistéir léargais seo, ní chuireann siad san áireamh an scagadh a chuireann fásra nó foirgnimh ar fáil, mar sin, níor cheart a mheas go bhfuil siad críochnaitheach agus ní chuirtear iad in ionad an tsamhaltaithe mhionsonraithe a theastaíonn le haghaidh forbairtí feirm ghaoithe atá láithreánsonrach.

Mír 3 – Conas a sholáthair an SEA Faisnéis don Straitéis Fuinneamh Gaoithe

3.1 Réamhrá

Tugadh faoi SEA ar Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019 agus sholáthair seo faisnéis don Straitéis Fuinneamh Gaoithe. I rith chéim scóipe an SEA, aithníodh go bhféadfadh an Straitéis Fuinneamh Gaoithe tionchar suntasach a imirt ar an timpeallacht, go háirithe ar an tírdhreach agus ar leasanna caomhnaithe an dúlra. Chabhraigh an SEA le limistéir a shainiú le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe agus chinntigh sé gur seachnaíodh acmhainní íogaire comhshaoil nó gur tugadh tionchar féideartha diúltach chun solais agus go ndeachthas i ngleic leis trí bhearta maolaithe. Seachnaíodh láithreáin ainmnithe trí iad a fhágáil as an áireamh ó na limistéir 'Inghlactha i bPrionsabal' agus 'Oscailte le haghaidh Breithniú'. Anuas air sin, fágadh Limistéir Nádúir Tírdhreacha as an áireamh chomh maith, sa chás gur measadh go raibh siad íogair i leith forbairt feirm ghaoithe.

Níorbh fhéidir Séadchomharthaí Taifeadta a sheachaint mar gheall ar a líon mór láithreán atá scaipthe ar fud an Chontae. Ar an gcuma chéanna, níorbh fhéidir gach limistéar póraithe, tailte fara agus bealaí eitilte le haghaidh speicis chosanta éin a sheachaint mar gheall nach raibh sonraí mionsonraithe ar fáil ag an tráth a ullmhaíodh an Straitéis seo. Ar an ábhar sin, cuimsíodh bearta isteach sna caighdeáin forbartha agus bhainistíochta a chuimsítear i Mír 5 den Straitéis seo chun drochthionchar féideartha na forbartha feirm ghaoithe a mhaolú ar

oidhreacht seandálaíochta agus ar thionchar féideartha ar éin i dtaobh imbhualadh, cur isteach agus aon tionchar ar an timpeallacht.

Chuaigh an SEA i ngleic le líon roghanna eile agus cuirtear iad seo i láthair thíos. Tá na roghanna eile roinnte isteach i Roghanna Straitéiseacha Fuinnimh a shainaithníonn roghanna eile fuinnimh in-athnuaite agus Roghanna Fuinneamh Gaoithe Spásúla a dhéanann breithniú ar láthair feirmeacha gaoithe nua.

3.2 Roghanna Straitéiseacha Fuinnimh

Rogha 1: An Cás 'Rud ar bith a dhéanamh'

Bhainfeadh an Straitéis reatha Fuinneamh Gaoithe leis an rogha seo. Rinneadh cinneadh luath go leor i bpróiseas an SEA, áfach, gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis reatha Fuinneamh Gaoithe chun an méid a leanas a dhéanamh:

- An beartas nuashonraithe náisiúnta agus réigiúnach a chur san áireamh maidir le hathrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite agus an gá atá le hastuithe gáis cheaptha teasa a laghdú
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar carnach feirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe sa chontae agus i gcontaetha máguaird
- Sprioc a leagan amach le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar aon dul leis an sprioc 40% a leag an Rialtas amach, faoi mar a mholtar sna SERPGanna
- Dul chun cinn teicniúil i bhforbairt tuirbíní gaoithe agus feabhsúcháin ar an Eangach Náisiúnta a chur san áireamh

Rogha 2: Pleanáil Ad-hoc le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe

B'éard a bhainfeadh leis an rogha seo go ndéanfaí iarratais fuinneamh gaoithe a mheasúnú ar bhonn cás ar chás gan creat foriomlán straitéiseach a bheith ann chun forbairt feirm ghaoithe a threorú. Níl seo ar aon dul leis an treoir reatha pleanála le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe agus ní éascódh sé measúnú a

dhéanamh ar thionchar carnach a bhaineann le forbairt feirm ghaoithe. Anuas air sin, ní bheadh an easpa measúnaithe ar an úsáid talún seo ar aon dul le Treoir an SEA.

Rogha 3: Foinsí Fuinnimh In-Athnuaite Eile

B'éard a bhainfeadh leis an rogha seo pleanáil a dhéanamh le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite eile, ar nós bithmhaise nó cumhacht taoide i dtaobh lorg chun sprioc a bhaint amach a léiríonn an sprioc náisiúnta 40% de tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite faoi 2020. Is í an chúis nach bhfuiltear ag tabhairt faoi seo mar bhealach chun an sprioc seo a bhaint amach sa Phlean seo, cé gur féidir le agus go gcuirfidh fuinnimh in-athnuaite eile leis an sprioc seo, i gcleachtas, tá acmhainn shuntasach ghaoithe i gContae Loch Garman agus, ar leibhéal náisiúnta, tá taithí ag Éirinn leis an teicneolaíocht seo a phleanáil agus a bhainistiú.

Sainaithnítear Cósta Thoir Loch Garman sa Dréacht-OREDP amhail bheith oiriúnach d'fhorbairt taoide, ach teastóidh breis taighde agus forbartha sula bhforbrófar an saghas seo d'fhuinneamh in-athnuaite. Sa mhullach air sin, tá roinnt éiginnteachta ann maidir le hinmharthanacht gheilleagrach díleáiteoirí anaeróbacha. Tugtar faoi deara sa Phlean Gníomhaíochta Bithfhuinnimh d'Éirinn (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, 2007), go ginearálta, ní bheadh sé eacnamaíoch dá n-iompródh feirmeoirí aoileach aon fhad fada go dtí ionad díleáite anaeróbaí lena chóireáil agus lena scaipeadh ar an talamh ina dhiaidh sin. Toisc choisctheach eile iad ardchostais chaipitiúla. Dá bhrí sin, níor measadh gur rogha réalaíoch a bhí sa rogha seo i gcaitheamh shaolré an Phlean seo. Tacóidh Comhairle Contae Loch Garman le fuinnimh in-athnuaite eile, áfach, i gcomhar leis an Straitéis Fuinneamh Gaoithe.

Rogha 4: Forbairt Fuinneamh Gaoithe san Fharraige Amuigh

Threorófaí feirmeacha gaoithe sa chás seo chuig limistéir san fharraige amuigh Chontae Loch Garman mar bhealach chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite a

bhaint amach. Sainaithnítear sa Dréacht-OREDP céstaí theas agus thoir Loch Garman amhail bheith oiriúnach le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe agus tá coinne ag Eangach 25 gurbh ionann a bheidh an acmhainn amach anseo le haghaidh forbairt feirm ghaoithe san fharraige amuigh, amuigh ó chósta Chontae Loch Garman agus 445 MW. Go dtí seo, ní dhearnadh aon tairiscintí nasctha le haghaidh forbairtí feirm ghaoithe san fharraige amuigh sa limistéar seo.[14] Déanfaidh an 3,900 MW d'fhorbairtí gaoithe a bhain tairiscint amach mar chuid de Gheata 3 soláthar don sprioc náisiúnta ghiniúna in-athnuaite 40% faoi 2020 má thógtar gach ceann de na gineadóirí a bhfuil tairiscint le fáil acu. Ní dócha, ar an ábhar sin, go mbainfidh an contae táirgeadh suntasach fuinnimh in-athnuaite ó fhorbairt fuinneamh gaoithe san fharraige amuigh laistigh de shaolré an Phlean seo.

Rogha 5: Spriocanna Eile agus Amfhrámaí Eile

Mheasúnódh an cás seo spriocanna agus amfhrámaí éagsúla fuinnimh in-athnuaite mar bhealach chun sprioc fuinnimh in-athnuaite 2020 go ndéanfar 40% den táirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach. Cuirfidh an sprioc 255 MW sa Straitéis Fuinneamh Gaoithe seo ar chumas Chontae Loch Garman a chomhionann de 70% dá riachtanais leictreachais a ghiniúint ó fhuinneamh gaoithe faoi 2019. Roghnaíodh an sprioc 70% mar gheall go bhfuil i bhfad níos mó fála ar an ngaoth (i.e. luas gaoithe níos airde thar limistéar tíreolaíochta níos mó) ná na ceithre chontae eile sa Réigiún Thoir Theas. Nuair a chuirtear an acmhainn seo, tuartha i leith éilimh ar leictreachas agus faoi réir go soláthraítear an bonneagar riachtanach tarchuir san áireamh, d'fhéadfaí forbairtí breise fuinneamh gaoithe a lonnú i gContae Loch Garman agus d'fhéadfaí cur go mór le leis an sprioc náisiúnta 40%.

[14] Taispeántar i dTuarascáil Eirgid *'Tairiscint Nasctha: Nochtadh Iarratas – an 24 Deireadh Fómhair 2011* go bhfuil iarratas ann ar nasc eangaí le haghaidh feirm ghaoithe 600 MW san fharraige amuigh ag Bruacha Glassgorman amuigh ó chósta Chontae Loch Garman. Tá an t-iarratas, a rinneadh in 2008, fós ar bun.

Rogha 6: Cur Chuige Straitéiseach i leith Forbairt Fuinneamh Gaoithe san Fharraige Amuigh

Aithníonn an cur chuige seo an áit a bhfuil na príomhacmhainní gaoithe agus déanann sé iad a mheaitseáil leis an mbonneagar reatha – ar dhá bhreithniúchán ríthábhachtacha iad le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe. Lorgaíonn sé chun láithreáin shainithe agus lonnaíochtaí reatha a chosaint agus cumas acmhainní áitiúla in-athnuaite fuinnimh á n-uasmhéadú. Chuirfeadh an cur chuige seo bealach ar fáil d'iarratasóirí féideartha chun forbairtí fuinneamh gaoithe a chur chun cinn laistigh de limistéir dhaingne straitéiseacha sa chontae, agus cabhrú leis an gcontae, dá bhrí sin, chun a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh. Anuas air sin, spreagfadh sé braisliú nó roinnt an bhonneagair a bhaineann le forbairt fuinneamh gaoithe.

3.3 Roghanna Fuinneamh Gaoithe Spásúil

Rogha 7: Forbairt Fuinneamh Gaoithe a Chomhdhlúthú i mBraisle Shingil Mhór

Cheadódh an rogha seo forbairtí nua feirm ghaoithe a bhraisliú isteach i láthair shingil bunaithe ar anailís straitéiseach ar an limistéar is oiriúnaí i dtaobh acmhainní gaoithe, na timpeallachta, an tírdhreacha agus tosca eile. D'fhéadfadh tionchar suntasach eascairt as an gcur chuige i láthair ar leith, go háirithe i dtaobh tionchar tírdhreacha agus timpeallachta. Bheadh an tionchar seo áitiúil, áfach, seachas scaipthe ar fud an chontae. Bheadh an cumas ba mhó ag an rogha seo chun na spriocanna fuinneamh gaoithe a bhaint amach don chontae agus méid an thionchair thimpeallachta, amhairc agus chonláiste á theorannú.

Rogha 8: Forbairt Scaipthe Fuinneamh Gaoithe ar fud an Chontae

Cheadódh an rogha seo forbairtí feirm ghaoithe a scaipeadh ar fud an chontae laistigh de limistéir fhéideartha oiriúnacha. Ní dhéanfadh an cur chuige seo na deiseanna a fhíorú chun forbairtí feirm ghaoithe a bhraisliú sna láithreacha is

straitéisí agus ní eascródh tionchar fairsing ar an timpeallacht agus amhairc timpeall an chontae aisti.

Rogha 9: Braislí Feirm Ghaoithe Níos Mó i Limistéir Oiriúnacha agus i bhForbairtí Feirm Ghaoithe Níos Lú i Limistéir Fhéideartha Oiriúnacha
Cheadódh an rogha seo forbairtí feirm ghaoithe níos mó a thiúchan sna limistéir is oiriúnaí, i dteannta feirmeacha gaoithe nó grúpálacha níos lú d'fheirmeacha gaoithe i limistéir inghlactha eile, faoi réir measúnú timpeallachta agus amhairc. D'eascródh tionchar scaipthe timpeallachta agus amhairc as an rogha seo ar fud an chontae, i gcomparáid le Rogha 7.

3.4 Na Roghanna is Fearr

Rinneadh gach rogha fuinneamh gaoithe spásúil agus fuinnimh straitéiseach a mheasúnú i leith sraith cuspóirí straitéiseacha timpeallachta. Taispeántar na torthaí ar an measúnacht seo i dTábla 25 den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a chuimsítear in Imleabhar 8 de Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019. Is í an rogha is fearr meascán de Chur Chuige Straitéiseach Rogha 6 i leith Forbairt Fuinneamh Gaoithe san Fharraige Amuigh agus Rogha 7 Forbairt Fuinneamh Gaoithe a Chomhdhlúthú i mBraisle Shingil Mhór. I dteannta a chéile, leagann na roghanna seo an bonn faoin Straitéis seo, a cheadaíonn forbairt straitéiseach gaoithe i limistéir ina bhfuil ardluas gaoithe agus naisc eangaí agus a lorg chun tionchar ar an timpeallacht a sheachaint nó a laghdú agus cosaint conláiste cónaithe agus amhairc a chinntiú.

Mír 4 – Limistéir Forbartha Feirm Ghaoithe

4.1 Réamhrá

Sainaithnítear sa mhír seo limistéir straitéiseach sa chontae ina bhfuil forbairtí fuinneamh gaoithe inghlactha go ginearálta, oscailte le haghaidh breithniú nó nach gnách gurb incheadaithe dóibh. Sainaithníodh na limistéir seo bunaithe ar an modheolaíocht a chuimsítear i Mír 2 agus chuir próisis an SEA agus Mheasúnachta Oiriúnachta faisnéis ar fáil dóibh. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh gach togra feirm ghaoithe faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5 den Straitéis seo, lena n-áirítear, sa chás go dteastaíonn, Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Oiriúnachta. Gné ríthábhachtach is ea acmhainn ghaoithe chun feidhmíocht tuirbín a thuar ag láithreán ar leith. Tá an forbróir freagrach as a shásamh dóibh go mbeidh an fhorbairt a bheartaítear sa láithreán a roghnaítear inmharthana i dtaobh cúrsaí geilleagracha de.

4.2 Limistéir a Shainaithint le haghaidh Forbairt Feirm Ghaoithe

Roinneadh an contae isteach sna limistéir a leanas ar mhaithe le forbairt fuinneamh gaoithe: Inghlactha i bPrionsabal, Oscailte le haghaidh Breithniú agus Dícheadaithe de Ghnáth.

Chun tionchar díréireach amhairc a sheachaint agus chun breithniú a dhéanamh ar nádúr an tírdhreacha a bhíonn fairsing, réidh agus rialta go minic, rinneadh an cinneadh gur cheart go mbeadh forbairtí feirm ghaoithe teoranta do limistéir shonracha an réigiúin. Dá bharr, ba cheart go mbeadh tionchar carnach amhairc teoranta do na láithreacha siúd agus a bpurláin mórthimpeall agus níor cheart dóibh tionchar a imirt ar limistéir léargais ar fud na coda eile den Chontae. Cé go bhféadfadh deiseanna a bheith ann le haghaidh tionscadail bheaga atá lonnaithe

go háitiúil ar láithreáin a roghnaítear go cúramach sa chontae, tá an cumas chun feirmeacha gaoithe nua móra tráchtála a lonnú i bhfad níos teoranta mar gheall ar scála agus nádúr an tírdhreacha.

An Tuaisceart

Mar gheall ar an líon feirmeacha ceadaithe agus reatha gaoithe, agus aird ar na limistéir atá oscailte le haghaidh breithniú le haghaidh forbairt feirm ghaoithe sna contaetha máguaird, meastar go mbainfidh iarthuaisceart an chontae an líon uasta amach i dtaobh forbairt feirm ghaoithe (má ghlactar leis go dtógfar gach feirm cheadaithe ghaoithe). D'fhéadfadh forbairt bhreise feirm ghaoithe sa limistéar seo drochthionchar féideartha carnach a imirt. Tá an limistéar seo sainithe mar 'Uastailte' sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha agus sainaithnítear go bhfuil cumas teoranta ann chun forbairt a lonnú ann. Tá oirthuaisceart an chontae sainithe go príomha mar 'Ardtailte' agus tá roinnt lonnaíochtaí sa limistéar seo agus níl sé chomh hoiriúnach céanna le haghaidh forbairt feirm ghaoithe dá bharr. Cuireadh tuaisceart an chontae, ar an ábhar sin, san áireamh sa limistéar 'Dícheadaithe de Ghnáth'.

An Deisceart

Tá paistí d'ardlús tithíochta sa limistéar seo agus tá sé i ngar do roinnt SPAanna, Loch Oileán Mhuire, Coinicéar Bhaile Thaidhg, Bá Bhanú agus Loch Theach Coimseáin ina measc. Tá na láithreáin seo ar cheann de na láithreáin éaneolaíocha is tábhachtaí sa tír. Meastar go mbaineann tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo mar láithreáin fara, bheathaithe, gheimhrithe agus phóraithe don iomaí speiceas éin, a bhfuil cuid díobh liostaithe in Iarscríbhinn I leis an Treoir maidir le hÉin ón AE. Ní fios tionchar carnach forbairtí feirm ghaoithe sa limistéar seo agus an tionchar féideartha ar bhealaí eitilte i measc éin imirce.

Déanann línte 110kV and 38kV freastal ar limistéar an deiscirt faoi láthair. Cé gur féidir le forbairtí fuinneamh gaoithe níos lú rochtain a fháil ar na línte cumhachta níos lú seo, is gá d'fhorbairtí fuinneamh gaoithe níos mó, go ginearálta, rochtain

a fháil ar na línte cumhachta níos mó, ar nós na línte 400kV nó 220kV. Tá forbairt feirm ghaoithe Bhaile Mhic Iair lonnaithe sa limistéar seo. D'fhéadfadh go dteastódh línte cumhacht níos mó ó fhorbairt feirm ghaoithe bhreise, agus d'fhéadfadh seo bheith mar údar le tionchar suntasach carnach amhairc i dtaobh línte lasnairde agus bonneagar gaolmhar. Anuas air sin, tá roinnt tírdhreacha níos íogaire sa limistéar seo. Áiríodh deisceart an chontae, ar an ábhar sin, sa limistéar 'Dícheadaithe de Ghnáth'.

An tOirthear

Meastar go bhfuil an limistéar seo íogair i leith forbairt feirm ghaoithe i dtaobh cúrsaí amhairc. Tá sé i ngar do roinnt láithreáin shainithe agus cuimsítear ann roinnt tírdhreacha lena mbaineann íogaireacht (cnoic agus dromanna) faoi mar a shainítear sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha. Meastar go n-imreodh forbairtí feirm ghaoithe sa limistéar seo tionchar fairsing amhairc. Áiríodh oirthear an chontae, ar an ábhar sin, sa limistéar 'Dícheadaithe de Ghnáth'.

An tIarthar

Meastar go bhfuil an limistéar ar an limistéar is oiriúnaí le haghaidh forbairt nua feirm ghaoithe. Tá sé i ngar don líne 220kV agus tá ann an dlús tithíochta in aghaidh an chiliméadair chearnaigh is ísle nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na trí limistéar eile. Tá an criosanna 'Inghlactha i bPrionsabal' agus 'Oscailte le haghaidh Breithniú' lonnaithe sa limistéar seo. Sainaithnítear na criosanna seo ar Léarscáil Uimhir 7 agus leagtar amach i dTábla 4 thíos na prionsabail a bhaineann le gach crios. Sa limistéar 'Oscailte le haghaidh Breithniú', beidh orthu a bheith cúramach lena chinntiú nach n-eascraíonn drochthionchar as forbairt feirme ar SAC Ghleann Abhann na Sláine (Abhainn Bhórú) agus, anuas air sin, nach n-eascraíonn tionchar carnach as aon fhorbairt nua nuair a chuirtear san áireamh í le feirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe in iarthuaisceart an chontae.

D’fhonn na limistéir ‘Inghlactha i bPrionsabal’ agus ‘Oscailte le haghaidh Breithniú’ a chur i gcomparáid le láthair na bhfeirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe, ba cheart Léarscáil Uimhir 7 a léamh i gcomhar le Léarscáil Uimhir 1.

I gcaitheamh shaolré an Phlean seo, má shainítear nó má bheartaítear aon chuid den limistéar ‘Inghlactha i bPrionsabal’ nó ‘Oscailte le haghaidh Breithniú’ lena sainiú mar láithreán Natura 2000, ní mheasfar go mbeidh an limistéar seo oiriúnach a thuilleadh le haghaidh forbairt feirm ghaoithe.

Tábla 4: Limistéir Forbartha Fuinneamh Gaoithe

Limistéar Straitéiseach	**Cur Síos agus Treoir**
Inghlactha i bPrionsabal	Seo an rogha limistéir le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe a bhfuil dlús íseal tithíochta, ardluas gaoithe, gaireacht don líne eangaí 220kV i measc a saintréithe agus áit a bhfuil bonneagar leordhóthanach bóithre agus áit nach bhfuil coimhlint shuntasach ann i leith sainithe oidhreachta nádúrtha. Éascófar forbairtí feirm ghaoithe sa limistéar seo, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5.

Oscailte le haghaidh Breithniú	D'fhéadfaí forbairt feirm ghaoithe a lonnú sa limistéar seo, a fhad agus nach n-imríonn sé drochthionchar ar SAC Ghleann Abhann na Sláine as nó nach n-eascraíonn tranglam amhairc nó tionchar carnach amhairc aisti i measc na bhfeirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe in iarthuaisceart an chontae. Éascófar forbairtí feirm ghaoithe sa limistéar seo, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5. Beidh ar thograí feirm ghaoithe sa limistéar seo a thaispeáint nach mbeidh aon tionchar carnach amhairc i gceist, go háirithe i dtaca le feirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe in iarthuaisceart an chontae.
Dícheadaithe de Ghnáth	Meastar nach bhfuil an limistéar seo oiriúnach, den chuid is mó, le haghaidh forbairt feirm ghaoithe mar gheall ar shrianta suntasacha timpeallachta, oidhreachta agus tírdhreacha, dlús tithíochta, fad ón eangach agus/nó luas na gaoithe. Déanfar breithniú ar thuirbíní aonair beagscála ar bhonn cás ar chás chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Déanfar measúnú ar iarratais ar athchumhachtú (trí thuirbíní reatha gaoithe a ionadú) agus na feirmeacha reatha agus ceadaithe gaoithe a shíneadh ar bhonn cás ar chás agus beidh seo faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i Mír 5. Nuair a dhéantar measúnú ar iarratais pleanála le haghaidh sínte i leith na gcaighdeán bainistíochta forbartha, beidh aird ar leith ag an údarás pleanála ar na cúiseanna a sainaithníodh an limistéar amhail 'Dícheadaithe de Ghnáth' i Mír 4.2. Ina leith seo, meastar go mbainfidh tuaisceart an chontae an líon uasta amach má thógtar gach feirm cheadaithe ghaoithe.

4.3 Cuspóirí Forbartha Fuinneamh Gaoithe

Cuireadh na cuspóirí i dtoll a chéile agus aird ar na treoirlínte náisiúnta agus aird ar leith ar ghealltanas an Rialtais chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus an méid fuinnimh a úsáidtear ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú faoi 2020. Leagtar amach na cuspóirí le haghaidh forbairt fuinnimh i gContae Loch Garman thíos.

Cuspóir WE01

Slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú trí thacú le hacmhainní fuinneamh gaoithe a fhorbairt i gContae Loch Garman ar scálaí cuí agus i láithreacha cuí, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5.

Cuspóir WE02

Tabhairt faoi sprioc 255 MW fuinneamh gaoithe a bhaint amach, lena chur ar chumas Chontae Loch Garman na céimeanna tosaigh a chur díothú chun geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2020.

Cuspóir WE03

Forbairt fuinneamh gaoithe a éascú ar na láithreáin chuí sa chontae agus oibriú leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun infheistíocht i dtaighde agus teicneolaíocht a bhaineann le feirmeacha gaoithe agus le teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite eile a spreagadh.

Cuspóir WE04

Breithniú fabhrach a dhéanamh ar thograí chun bonneagar a fhorbairt le haghaidh táirgeadh, stóráil agus dáileadh leictreachais trí fhuinneamh gaoithe a shaothrú sna láithreáin agus láithreacha cuí, faoi réir an bheartais, na reachtaíochta agus na mbreithniúchán ábhartha comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a chuimsítear i Mír 5.

Cuspóir WE05

Comhairliúchán pobail a chur chun cinn i bhforbairtí beartaithe feirm ghaoithe i gcomhréir leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006) agus na Treoirlínte Dea-Chleachtais do Thionscadal Fuinneamh Gaoithe na hÉireann (IWEA, 2012).

Cuspóir WE06

Forbairt feabhsúcháin nó breisiú éiceolaíochta a spreagadh a sháraíonn na bearta a theastaíonn chun damáiste a mhaolú nó a chúiteamh ó fheirmeacha gaoithe a thógáil. Bealach atá i ngnáthóga mealltacha a sholáthar ina bhfuil saibhreas fiadhúlra chun cur leis na straitéisí agus spriocanna áitiúla agus náisiúnta bithéagsúlachta.

Cuspóir WE07

A cheangal go dtugtar faoi Mheasúnacht Oiriúnachta i dtaobh tograí a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar shláine aon láithreáin Natura 2000. Agus aird ar Airteagail 6(3) agus 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE, sa chás go mbeidh forbairt a bheartaítear ina húdar le drochthionchar suntasach díreach, indíreach nó tánaisteach ar láithreáin Natura 2000 (cé acu ar bhonn aonair nó i dteannta pleananna nó tionscadail eile), ní dheonófar cead ach amháin sa chás nach bhfuil aon réitigh eile ann agus sa chás go bhfuil cúiseanna riachtanacha lena mbaineann leas uileghabhálach an phobail ann atá i bhfabhar cead a dheonú, iad siúd de chineál sóisialta nó geilleagrach ina measc.

Cuspóir WE08

Tionscadail bheagscála forbartha fuinneamh gaoithe a éascú, sa chás gur cuí, i limistéir uirbeacha, eastáit tionsclaíochta, páirceanna gnó agus tograí beaga

pobalbhunaithe, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5.

Cuspóir WE09

Breithniú a dhéanamh ar athchumhachtú (trí thuirbíní reatha gaoithe a ionadú) agus síneadh a chur le feirmeacha gaoithe reatha. Déanfar measúnú ar iarratais ar na láithreáin siúd ar bhonn a bhfiúntas agus beidh siad faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5 (féach Tábla 4).

Cuspóir WE10

Bonneagar tacaíochta ar an gcladach a éascú, láithreacha um theacht i dtír ina measc le haghaidh forbairt chuí san fharraige amuigh, faoi réir an bheartais, na reachtaíochta, breithniúcháin ábhartha timpeallachta, tírdhreacha, chonláiste, mhuirdhreacha agus theicniúla agus faoi réir na gcaighdeán bainistíochta forbartha a leagtar amach i Mír 5.

4.4 Díolúintí Pleanála agus Tairseacha Straitéiseacha

Is ionann micriteicneolaíocht chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint le haghaidh gníomhaíochtaí teaghlaigh, talmhaíochta agus éadroma tionsclaíochta díolmhaithe anois agus forbairt dhíolmhaithe faoi réir na gcritéar a shonraítear sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001-2011. I measc na micriteicneolaíochtaí in-athnuaite, tá an ghaoth, grianteas, fótavoltach, caidéil teasa agus teicneolaíochtaí bithmhaise.

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féadtar a mheas gurb ionann an chatagóir a leanas d'fhorbairtí fuinneamh gaoithe agus bonneagar straitéiseach agus rinne an Bord Pleanála an measúnú a leanas orthu: *"Suiteáil chun fuinneamh gaoithe a shaothrú le haghaidh táirgeadh fuinnimh (feirm ghaoithe) ag a bhfuil os cionn 25 tuirbín nó ag a bhfuil aschur iomlán os cionn 50 meigeavata."*.

Foráiltear in Alt 37G(7)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006 (Uimh. 27 de 2006) go gcuireann an Bord Pleanála coinníoll san áireamh a cheanglaíonn saoráidí nó seirbhísí don phobal áitiúil i limistéar na forbartha a bheartaítear a thógáil nó a mhaoiniú.

Mír 5 - Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha

5.1 Réamhrá

Leagtar amach sa mhír seo na breithniúcháin, treoirlínte agus na caighdeáin a threoróidh ullmhú agus measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála le haghaidh forbairtí feirm ghaoithe. Forbraíodh na caighdeáin seo agus aird ar na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006) agus ar dhea-chleachtas. Anuas air sin, cuimsítear na bearta maolaithe a shainaithnítear sa SEA.

5.2 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha

5.2.1 Breithniúcháin Réamhphleanála

- Cabhróidh comhairliúchán luath le Comhairle Contae Loch Garman agus na gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla chun íogaireacht comhshaoil agus sainiúcháin agus breithniúcháin ábhartha eile a shainaithint fad a dhéantar iarratas pleanála a ullmhú.
- Meastar gurb ionann forbairtí fuinneamh gaoithe ag a bhfuil breis agus 25 tuirbín nó ag a bhfuil aschur iomlán atá os cionn 50MW agus Bonneagar Straitéiseach agus ní mór iarratais a sheoladh chuig an mBord Pleanála.

5.2.2 Comhairliúchán leis an bPobal Áitiúil

- Tabharfaidh forbróir tionscadal fuinneamh gaoithe faoi chomhairliúchán agus plé gníomhach leis an bpobal áitiúil ag céim luath sa phróiseas pleanála agus ní mór seo a thaispeáint san iarratas pleanála. Sainaithneoidh an forbróir nádúr agus méid na bpobal a ndéanann an fhorbairt a bheartaítear difear dóibh agus rachaidh sé/sí i gcomhairle leis

na pobail uile siúd. I measc na modhanna comhairliúcháin, tá ceardlanna, tráthnónta oscailte poiblí, dáileadh bileoga faisnéise, cruinnithe/seimineáir le páirtithe leasmhara nó le grúpaí fócais no foirm eile de chomhairliúchan atá oiriúnach don limistéar a shainaithnítear agus don chéim den tionscadal. Ba cheart go mbeadh aird ag forbróirí ar an gcomhairle a chuimsítear sna Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006) agus na Treoirlínte Dea-Chleachtais do Thionscadal Fuinneamh Gaoithe na hÉireann (IWEA, 2012) i dtaca le comhairliúchán pobail.

Tabharfaidh an forbróir faoi chomhairliúchán luath (sula seoltar iarratas pleanála isteach) le cónaitheoirí áitiúla agus leis na pobail a shainaithnítear go ndéanann an fhorbairt a bheartaítear difear dóibh maidir leis na saincheisteanna a leanas:

- Dearadh agus leagan amach na feirme beartaithe gaoithe
- Na céimeanna éagsúla den tionscadal, pleanáil, tógáil, coimisiúnú, oibriú agus díchoimisiúnú ina measc
- Amchlár an tionscadail a bhfuil coinne leis (aon taispeántais phoiblí san áireamh)
- Scóipeáil an Ráitis Tionchair Timpeallachta agus tionchar dóchúil a shainaithint
- Anailís ar na torthaí maidir le caochadh scátha agus torann
- Trácht a bhfuil coinne leis go gcruthófar i rith chéimeanna tógála agus oibríochtúla na forbartha agus na bealaí a bheartaítear
- Bearta maolaithe a shainaithint
- Cuntas ar na tairbhí timpeallachta agus sóisialta a ndéanfaidh an fhorbairt difear dóibh go háitiúil agus go domhanda araon, aon ghnóthú pleanála don phobal áitiúil ina measc.

- Leanfar i mbun comhairliúcháin i gcaitheamh chéimeanna tógála, coimisiúnaithe agus oibrithe na forbartha. Ba cheart don fhorbróir duine

aonair a cheapadh ar a mbeidh rochtain ag an bpobal áitiúil le linn na gcéimeanna seo chun plé agus cumarsáid a éascú agus chun an pobal a choimeád ar an eolas ar dhul chun cinn an tionscadail. Ba cheart sonraí teagmhála a chur ar fáil do chónaitheoirí comharsanachta agus do ghrúpaí pobail. Ba cheart don oibreoir aon ghearáin ó dhaoine a fhiosrú agus, sa chás gur cuí, oibriú leis na húdaráis ábhartha chun dul i ngleic le haon saincheisteanna a thugtar chun solais.

5.2.3 Fad an Cheada

- Féadfaidh an tÚdarás Pleanála cead a dheonú ar feadh tréimhse níos faide ná cúig bliana faoi chúinsí áirithe, mar shampla, lena chinntiú nach n-éagann an cead sula ndeonaítear nasc eangaí. Tá na hiarratasóirí freagrach, sa chéad ásc, áfach, as iarraidh ar na tréimhsí níos faide siúd faoi na cúinsí cuí.

5.2.4 Suíomh, Leagan Amach agus Dearadh

- Ba cheart go mbeadh leagan amach agus dearadh feirmeacha gaoithe oiriúnach do shuíomh an tírdhreacha agus ba cheart go ndéanfaidís an tionchar amhairc ar an tírdhreach a íoslaghdú.
- Ní cheadófar tuirbíní gaoithe a lonnú laistigh de 500 méadar d'aon mhaoin atá íogair i dtaobh torainn de, tithe reatha nó ceadaithe cónaithe ina measc, seachas sa chás go dtugann an t-úinéir toiliú scríofa. Beidh cead faoi réir leibhéal cuí conláiste a bhaint amach maidir le torann, caochadh scátha agus tionchar amhairc. D'fhéadfadh fad níos mó ná 500 méadar a bheith ag teastáil ag brath ar airde na dtuirbíní a bheartaítear agus mar gheall go bhféadfadh torann méadaithe agus caochadh scátha bheith ina n-údar le cur isteach. Beidh ar iarratais comhordanáidí GPS a áireamh (Eangach na hÉireann nó Trasteilgean Mercator na hÉireann) i gcás gach tuirbín ar léarscáil ar leagan amach an láithreáin.

- Ní cheadófar tuirbíní gaoithe laistigh de 250 méadar den teorainn le gabháltas atá ina aice, seachas nuair a thugann an t-úinéir ina aice toiliú i scríbhinn. Déanfar breithniú ar thionchar na bhfeirmeacha gaoithe a bheartaítear ar fhorbairt láithreáin fhéideartha ina n-aice.
- Bainfear slánachar íosta amach ó bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha agus iarnróid d'fhad ar comhionann é agus uair go leith airde an tuirbín agus na lainne.

5.2.5 Teorainneacha agus Fálú

- Ceadófar fálú, go ginearálta, timpeall an fhostáisiúin ach ní cheadófar é ar aon chuid eile den láithreán mura ndéantar comhaontú air mar chuid de chlár athshlánaithe le haghaidh fásra ar an láithreán. Sna cásanna siúd, ceadófar fálú ar feadh an fhaid ama a theastaíonn lena chinntiú go ndéanann an fásra athshlánú.

5.2.6 Bóithre Rochtana

- Ní leagfar dromchla ar bhóithre rochtana laistigh den láithreán agus lonnófar agus tógfar iad d'fhonn a dtionchar amhairc a íoslaghdú. Má dhéantar an fhorbairt a dhíchoimisiúnú, bainfear iad, mura ndearnadh comhaontú ar úsáid eile dóibh roimh ré leis an Údarás Pleanála.
- Sula gcuirtear tús leis an bhforbairt, déanfar comhaontú ar shonraí faoi oscailtí rochtana chuig an láithreán leis an Údarás Pleanála.
- Déanfar claífoirt bhóthair an láithreáin agus limistéir ghaolmhara a chomhrianú agus a shíoladh chun sásaimh an Údaráis Phleanála i ndiaidh na tógála.
- Cuirfear aon díobháil dromchla a rinneadh do bhóithre poiblí a rinneadh i rith chéim na tógála ina ceart chun sásaimh an Údaráis Phleanála.
- Déanfar measúnú ar bhealaí tógála/seachadta ar bhonn cás ar chás.

5.2.7 Struchtúir agus Trealamh Coimhdeach

- Ní cheadófar aon struchtúir eile seachas na tuirbíní gaoithe, fostáisiún, crann monatóireachta agus suiteálacha riachtanacha coimhdeacha eile.
- Beidh na cáblaí ó na tuirbíní chuig an bhfostáisiún lonnaithe faoin talamh. Áireofar leis an iarratas pleanála sonraí faoi gach ceann de na suiteálacha sin.
- Teastaíonn cead pleanála ó gach crann monatóireachta gaoithe. Crainn 40m no 50m a bhíonn i gceist leo seo, de ghnáth, a theastaíonn chun monatóireacht a dhéanamh ar luas na gaoithe ar an láithreán i gcaitheamh bliain amháin nó dhá bhliain. Má theastaíonn crann buan ar airde an mhoil, ní dhéanfar breithniú ar chead ach amháin má thaispeánann an forbróir go dteastaíonn sé ar mhaithe le hoibriú tíosach na feirme gaoithe.

5.2.8 Caochadh Scátha

- Ullmhófar measúnú ar an gcaochadh teoiriciúil scátha do gach oifig agus áit chónaithe reatha agus cheadaithe laistigh d'fhad 10 n-uaire thrastomhas rótair aon láithreach tuirbín a bheartaítear. Ní fhéadfadh caochadh scátha ag oifigí agus áiteanna cónaithe laistigh den limistéar seo 30 uair sa bhliain nó 30 nóiméad sa lá a shárú. Má theastaíonn, déanfar bearta maolaithe a bheartú agus a chomhaontú leis an Údarás Pleanála. D'fhéadfadh meicníocht a shuiteáil a bheith i gceist leis seo lena chinntiú go stopann na tuirbíní ag oibriú i rith tréimhsí ina mbeadh caochadh scátha ag tarlú.
- Ullmhófar measúnú carnach ar leith ar chaochadh scátha sa chás go bhfuil forbairtí eile reatha nó ceadaithe eile feirm ghaoithe suite laistigh de 2km den fhorbairt a bheartaítear.

5.2.9 Torann

- Ullmhófar measúnú ar thorann i gcás gach maoin reatha agus cheadaithe atá íogair i leith torainn laistigh d'fhad 10 n-uaire thrastomhas rótair ó aon láthair thuirbín a bheartaítear.
- Ullmhófar measúnú carnach ar leith ar thorann sa chás go bhfuil forbairtí eile reatha nó ceadaithe eile feirm ghaoithe suite laistigh de 2km den fhorbairt a bheartaítear.
- Go ginearálta, is ionann a bheidh na leibhéil uasta cheadaithe torainn ag maoin atá íogair i leith torainn agus 45dB(A) nó 5dB(A) os conn an torainn chúlra idir 0800 uair agus 2000 uair agus 43dB(A) ag gach tráth eile.
- I dtimpeallachtaí torainn níos ísle, sa chás gurb ionann an torainn chúlra agus níos lú ná 30dB(A), cuirfear cosc ar leibhéal torainn an LA90 i rith an lae, 10 nóiméad de thorann na forbartha fuinneamh gaoithe go dtí leibhéal atá laistigh de 35-40dB(A).
- Tomhaisfear an torann i gcomhréir leis na caighdeáin ISO is cothroime le dáta i dtaobh tomhas torainn nó le caighdeáin dea-chleachtais eile, faoi mar is cuí.
- A luaithe a choimisiúnófar í, beidh monatóireacht le déanamh ar an bhforbairt. Sa chás go dtaispeánann an mhonatóireacht seo go sáraíonn aon tuirbín a leibhéil thuartha torainn agus go bhfuil tionchar díobhálach á imirt aige ar thionchar torainn, déanfar comhaontú ar bhearta maolaithe leis an Údarás Pleanála.

5.2.10 Trasnaíocht Leictreamaighnéadach

- Déanfaidh an t-iarratasóir measúnú ar thrasnaíocht fhéideartha leictreamaighnéadach aon togra i gcomhairle leis na comhlachtaí ábhartha sula seoltar aon iarratas ar aghaidh. Áireofar leis na tograí bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na forbartha ar theileachumarsáid agus nósanna imeachta chun aon trasnaíocht a réiteach nuair a bhíonn an fheirm ghaoithe i mbun oibre.

5.2.11 Nasc leis an Eangach

- Cé go bhfuil soláthraí na heangaí freagrach as naisc leis an eangach, áireofar sonraí faoi na bealaí dóchúla leis an iarratas pleanála. Déanfar naisc laistigh den fheirm ghaoithe a chur faoin talamh.

Ranníocaíochtaí Airgeadais

- Sula gcuirtear tús le forbairt, beidh ar an bhforbróir ranníocaíocht airgeadais a íoc le Comhairle Contae Loch Garman i dtreo an chostais chaipitil a bheidh ar bhonneagar a sholáthar i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha atá i bhfeidhm ag tráth an iarratais.
- D'fhonn críochnú sásúil na forbartha a chinntiú, beidh ar an bhforbróir éarlais nó banna a íoc, chomh maith, a ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála cinneadh ar mhéid na héarlaise nó an bhanna seo.

Measúnacht Tionchair Tírdhreacha

- Ba cheart go ngabhfadh Measúnacht Tionchar Timpeallachta (LIA) le gach iarratas ar fheirm ghaoithe, cé acu mar chuid den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), sa chás gur cuí nó mar thuarascáil ar leith. Ba cheart go gcuirfí an méid a leanas san áireamh sa LIA:
    - Cur síos ar fhorbairt bheartaithe, lena n-áirítear na roghanna a ndearnadh breithniú orthu le linn an phróisis dearaidh;
    - Cur síos ar láthair thíreolaíochta agus ar chomhthéacs an tírdhreacha;
    - Roghnú phointí tagartha an limistéir léargais ón áit a ndéantar scrúdú mionsonraithe ar an togra, chun na radhairc is feiceálaí den fhorbairt a bheartaítear a áireamh ón mbaile nó ó na sráidbhailte, na bóithre máguaird agus na pointí arda is gaire;

- Measúnacht ar íogaireacht an tírdhreacha ó gach pointe tagartha limistéar léargais;
- Ullmhú fótamontáisí;
- Meastachán ar mhéid dóchúil an tionchair ar an tírdhreach; agus
- Bearta maolaithe a mholadh

- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tionchar amhairc ar chomharthaí talún, gnéithe tírdhreacha agus radhairc bhunaithe mar chuid den LIA. Ba cheart tionchar féideartha sna contaetha máguaird a shainaithint agus a mheasúnú chomh maith. Go háirithe, féadtar breithniú agus measúnú a dhéanamh ar thírdhreacha, radhairc, bealaí agus gnéithe ainmnithe scéimhe lena mbaineann luach contae, réigiúnach agus áitiúil i dtaobh tionchar amhairc.
- Sa chás go n-eascraíonn moltaí sonracha ón Straitéis bheartaithe Náisiúnta Tírdhreacha agus ón Saintréithriú Náisiúnta Tírdhreacha, ní mór go ndéanfaidh aon iarratais amach anseo breithniú a dhéanamh ar an treoir sin.
- Imreoidh leagan amach agus dearadh na feirme beartaithe gaoithe tionchar ar na modhanna a úsáidfear chun tionchar na dtuirbíní gaoithe i suíomh an tírdhreacha, go ginearálta a mhaolú. Ina leith seo, ba cheart go mbeadh aird ag iarratasóirí ar an méid a leanas Breithniúcháin Aeistéitiúil i Suíomh agus Dearadh a chuimsítear i gCaibidil 6 de na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 20066).
- Ní mór measúnú a dhéanamh ar thionchar carnach ar an tírdhreach agus amhairc. I gcás forbairtí feirm ghaoithe ag a bhfuil aird bheartaithe bhairr os cionn 100 méadar, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar carnach thar achar 20km, ar a laghad, ón bhforbairt bheartaithe. I gcás forbairtí níos lú, beidh gá le breithniú a dhéanamh ar achar ar a laghad 15km ón bhforbairt a bheartaítear.

Seandálaíocht

- Ba cheart tuirbíní agus feirmeacha gaoithe a shuíomh agus a dhearadh lena chinntiú nach gcuireann siad isteach ar an radharc ar struchtúir nó láithreáin seandálaíochta nó nach ndéanann siad díobháil dóibh. Ba cheart bearta leordhóthanacha measúnaithe agus maolaithe a chur san áireamh mar chuid den EIS nó mar thuarascáil ar leith, sa chás gur cuí.
- Ba cheart go ngabhfaidh measúnú seandálaíochta a d'ullmhaigh seandálaí a bhain na cáilíochtaí oiriúnacha amach ina sonraítear an tionchar a d'imreodh an fhorbairt a bheartaítear ar sheandálaíocht sa limistéar agus aon bhearta maolaithe a bheartaítear le gach iarratas pleanála i ngar do Shéadchomhartha Taifeadta.
- Ba cheart go mbeadh seandálaí cláraithe i láthair nuair a dhéantar an bharrithir a bhaint i dtosach ar láithreáin cheadaithe forbartha. Sa chás go mbeartaítear forbairtí i ngar do Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi úinéireacht nó caomhnóireacht an Stáit, agus séadchomharthaí faoi réir Orduithe Caomhnaithe, ba cheart criosanna lena mbaineann conláiste amhairc a shainiú dóibh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha ar an tírdhreach agus suíomh seandálaíochta.

Oidhreacht Seandálaíochta

- B'fhéidir go mbeidh ar iarratais áirithe tabhairt faoi mheasúnú ar thionchar forbartha beartaithe ar nádúr seandálaíochta, go háirithe i gcóngaracht struchtúr cosanta. Ba cheart go dtabharfaidh ailtire caomhnaithe faoi mheasúnachtaí agus moltar, ag céim na réamhphleanála, gur cheart teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Pleanála lena dheimhniú an bhfuil gá ann lena leithéid de mheasúnacht.

Dífhoraoisiú

- Is gá tabhairt faoi EIS i dtaobh dífhoraoisiú ar mhaithe le hiompú go húsáid eile a bhaint as an talamh, sa chás gur mhó a bheadh an t-achar atá le dífhoraoisiú ná 10 heicteár de choillearnach nádúrtha nó 70 heicteár d'fhoraois bhuaircíneach.
- D'fhéadfadh go dteastóidh Ceadúnas Leagtha Theoranta (LFL) ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní mór iarratas a dhéanamh ar dhá LFL: 1) chun boinn tuirbín, bóithre, foirgnimh a chuimsiú agus 2) chun an limistéar a chumhdach ar a dtabharfar faoi leagan suaiteachta, más riachtanach.[15] B'fhéidir go mbeidh ar an iarratasóir ar LFL tabhairt faoi chur ionaid ag láithreán eile atá faoina n-úinéireacht mar choinníoll den cheadúnas. Ba cheart d'fhorbróirí dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Foraoiseachta sa Roinn ag an gcéim is luaithe is féideartha den tionscadal lena chinntiú go sainaithnítear agus go maolaítear gach ceann de na saincheisteanna foraoiseachta ag an tráth is luaithe. Soláthraítear comhairle ina leith seo i mBeartas na Seirbhíse Foraoiseachta ar Cheadúnais Leagtha a Dheonú d'Fhorbairt Feirm Ghaoithe (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, 2011).

Pleananna Bainistíochta Tráchta

- Ba cheart Pleananna Bainistíochta Tráchta a sheoladh isteach le hiarratais agus ba cheart go sonrófaí iontu sonraí faoin líonra bóithre/na bealaí iompair, saghsanna na bhfeithiclí a úsáidfear chun ábhair a iompar ar an láithreán agus ón láithreán agus tograí chun dul i ngleic le tionchar ar chónaitheoirí maidir le gníomhaíochtaí tógála.
- Ba cheart cumas iompair, éifeachtúlacht oibríochtúil, sábháilteacht agus infheistíocht i mbóithre a chosaint maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise

[15] Meastar gurb ionann leagan suaiteachta agus leagan i gcóngaracht na dtuirbíní, a bhfuil de chuspóir aige suaiteacht a sheachaint ar féidir í a chruthú ag brat na foraoise agus ar féidir leis tionchar a imirt ar fheidmíocht agus ar éifeachtúlacht na dtuirbíní.

Fuinneamh Gaoithe agus d'fhéadfadh Measúnachtaí Tionchair Tráchta a bheith ag teastáil chun an céanna a thaispeáint.

- Ba cheart teorainn a chur ar ghluaiseachta tráchta agus innealra a mhéid agus is indéanta seachas ar na bóithre agus na raonta atá mar chuid den fhorbairt fhadtéarmach d'fhonn brú neamhriachtanach tráchta a íoslaghdú.
- Beidh ar iarratasóirí na caighdeáin bhainistíochta forbartha a chomhlíonadh a chuimsítear i bPlean Forbartha an Chontae maidir le línte amhairc agus rochtain ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Pleananna Bainistíochta Dramhaíola

- Ba cheart Plean Bainistíochta Dramhaíola (WMP) a sheoladh ar aghaidh le hiarratais chun dul i ngleic le tionchar bainistíochta dramhaíola. Ba cheart go mbeadh aird ag an bPlean seo ar Threoirlínte Dea-Chleachtais i Dramhaíl Tógála agus Scartála a Athúsáid agus a Athchúrsáil (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2006). Ba cheart go gcomhlíonfadh an WMP beartais an chontae maidir le bainistíocht dramhaíl tógála.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta

- Is gá tabhairt faoi Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) i dtaobh forbairtí feirm ghaoithe sa chás go mbeartaítear os cionn cúig thuirbín nó sa chás go sáródh an fhorbairt a bheartaítear 5MW. Faoi na cúinsí seo, ní mór EIS a sheoladh ar aghaidh leis an iarratas ábhartha ar phleanáil.
- Anuas air sin, d'fhéadfadh EIA a bheith ag teastáil le haghaidh tionscadal faoin tairseach seo sa chás gur dhócha go n-imreodh an fhorbairt a bheartaítear tionchar suntasach ar an timpeallacht. Leagtar amach i Sceideal 7 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) na critéir lena dheimhniú cé acu ar dhócha nó nár dhócha go n-imreodh forbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Pleananna Bainistíochta Timpeallachta

- D'fhéadfadh Plean Bainistíochta Timpeallachta (EMP) a bheith le hullmhú le haghaidh forbairtí fuinneamh gaoithe. Chuimseodh seo bearta maidir le réimse saincheisteanna timpeallachta, ar nós uisce dromchla, cosaint screamhuisce, cobhsaíocht fána, féidearthacht i leith riosca tuilte, giniúint agus bainistíocht dramhaíola, éiceolaíocht agus cosaint na hoidhreachta nádúrtha agus athchóiriú agus bainistíocht gnáthóg. Ba cheart go n-áireofaí leis an EMP, chomh maith leis sin, nósanna imeachta bliantúla monatóireachta, go háirithe i gcás NHAanna nó láithreáin shainithe Natura 2000.

Ialtóga agus Éin

- Ní mór breithniú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar éin i dtaobh imbhualadh, suaite agus aon tionchar eile. Beidh sé an-tábhachtach measúnú a dhéanamh ar thionchar maidir le limistéir phórúcháin, tailte fara agus bealaí eitilte i gcomhairliúchán le húdarás cuí agus le comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga 92/43/CEE agus na Treorach maidir le hÉin 2009/147/CE a chinntiú maidir le dearóiliú nó cur isteach ar láithreáin phórúcháin nó áiteanna scíthe. Ba cheart comhairle a lorg ó éiceolaí/éaneolaí cáilithe agus taithíoch.
- Teastóidh monatóireacht réamhthógála agus iarthógála a dhéanamh ar éin ag forbairtí feirm ghaoithe sa chás gur cuí. Déanfar comhaontú ar an monatóireacht iarthógála i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula ndeonófar cead.

Láithreáin Shainithe

- Ní mór scagadh a dhéanamh ar gach togra forbartha i leith Measúnacht Oiriúnachta agus beidh siad faoi réir Measúnacht iomlán Oiriúnachta sa

chás go bhféadfaidís drochthionchar suntasach a imirt ar shláine láithreán Natura 2000, cé acu ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/42/CEE. Ní dheonófar cead ach amháin sa chás go mbíonn sé ina chonclúid ag an Measúnacht Oiriúnachta gur dócha go n-imreofar tionchar suntasach.

- Ba cheart go mbeadh aird ag iarratasóirí ar na cáipéisí a leanas nuair a bhíonn Measúnachtaí Oiriúnachta á n-ullmhú:
  a) An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
  b) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 (I.R. Uimh. 94 de 1997) (arna leasú)
  c) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011)
  d) Measúnacht Oiriúnachta ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn: Treoir d'Údaráis Phleanála (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2009)
  e) An Cháipéis Treorach um Fhorbairtí Fuinneamh Gaoithe agus Natura 2000 (an Coimisiún Eorpach, Deireadh Fómhair 2010)
- Sa chás go bhfuil forbairt beartaithe i ngar do nó laistigh de Limistéar Oidhreachta Nádúrtha, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach go dtabharfaidh éiceolaithe nó geolaithe a bhfuil na cáilíochtaí cuí bainte amach acu, faoi bhreis suirbhéanna éiceolaíochta nó geolaíochta.
- Sa chás go mbíonn tógáil agus cothabháil forbairtí fuinneamh gaoithe beartaithe i ngar do limistéir chósta agus inbhir, déanfar measúnú ar aon tionchar agus ba cheart bearta leordhóthanacha le haghaidh cosaint iascaigh/iascach sliogéisc a fhorbairt mar chuid den EIS/EMP. Nuair a thugtar faoin measúnacht sin, ba cheart go dtabharfadh iarratasóirí an aird cheart ar na Cláir um Laghdú Truaillithe Uiscí Sliogéisc le haghaidh Chuan Loch Garman Istigh agus Amuigh, Bá Bhanú agus Limistéir Shainithe Shliogéisc Chuan Phort Láirge.

- Sa chás go mbeartaítear forbairtí fuinneamh gaoithe i ngar do limistéir shainithe dhiúilicíní péarla fionnuisce, déanfar measúnú ar aon tionchar agus teastóidh bearta leordhóthanacha le haghaidh cosaint na limistéar seo mar chuid den EIS/EMP.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna bithéagsúlachta eile sa chás go gcosnaítear iad seo faoi reachtaíocht na hÉireann, ar nós Ordú um Chosaint Flóra, 1999, forálacha na nAchtanna um Fhiadhúlra agus reachtaíocht idirnáisiúnta, ar nós Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.
- Ba cheart cosaint gnáthóg, speiceas agus gnéithe bithéagsúlachta áitiúla neamhshainithe a chur chun cinn trí phleananna bainistíochta dearaidh láithreáin agus tírdhreacha.

Léarscáiliú Gnáthóige

- D'fhéadfadh go dteastódh léarscáiliú gnáthóige (bogaigh ina measc) agus measúnacht tionchair éiceolaíochta le haghaidh iarratas ar fhuinneamh gaoithe. Ba cheart tabhairt faoin léarscáiliú gnáthóige sin ar scála cuí agus i gcomhréir leis an Dea-Chleachtas um Shuirbhé agus Léarscáiliú Gnáthóige (an Chomhairle Oidhreachta, 2011). Ba cheart an fhorbairt a bheartaítear a fhorleagan ar an léarscáil ghnáthóige chun gnáthóga íogaire a thabhairt chun solais agus chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha. Rachaidh an t-iarratasóir i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra maidir leis seo.

Athchóiriú Gnáthóige

- Ba cheart plean athchóirithe agus bainistíochta gnáthóige a fhorbairt mar chuid den EIS/EMP chun dul i ngleic le hathchóiriú ithreacha mianraí agus chun tionchar dearfach éiceolaíochta a bhaineann leis an bhforbairt a

éascú. Ba cheart na pleananna siúd a fhorbairt i gcomhairle le Comhairle Contae Loch Garman.

Speicis Ionracha

- B'fhéidir go dteastóidh bearta a chur i bhfeidhm chun speicis choimhthíocha agus ionracha a rialú agus a bhainistiú, ar nós Glúineach Bhiorach (Fallopia Japonica), Gunnaire (Gunnera tinctoria/manicata) agus lustan díobhálach ar nós buachaláin mar chuid den EIS/EMP. Go háirithe, ba cheart aird a thabhairt ar bhféidearthacht go dtabharfadh gníomhaíochtaí tógála na speicis siúd isteach i limistéar.

Soghabháltacht i leith Sciorradh Talún

- Ní mór tabhairt faoi mheasúnacht i leith soghabháltachta i leith sciorradh talún agus measúnacht riosca i dtaobh gach forbartha, lena chinntiú go ndéantar gach toisc a chuireann le héagobhsaíocht fána a shainaithint agus go dtéitear i ngleic leo i gceart. Ba cheart don fhorbróir dul i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus comhairle ghairmiúil/tuarascálacha foinse a fháil ó innealtóirí geoiteicniúla, geolaithe innealtóireachta nó geolaithe, faoi mar is cuí, a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu. Má bheartaítear láithreáin ardtalún, ba cheart go ngabhfadh ráiteas ó gheolaí, hidrigeolaí nó innealtóir ag a bhfuil saineolas ar ithirmheicnic leis an iarratas.
- I gcás forbairtí feirm ghaoithe i limistéar de ghnáthóg mhionathraithe nó dhíghrádaithe de thalamh phortaigh, ní mór plean caomhnaithe agus bainistíochta talamh phortaigh a fhorbairt, sa chás gur cuí agus i gcomhaontú leis an tSeirbhís Pháirceanna agus Fiadhúlra, ar aon dul le Plean Gníomhaíochta um Chaomhnú Talamh Phortaigh na hÉireann 2020 (Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, 2009).
- Déanfar breithniú ar an tionchar féideartha ar chobhsaíocht fána a bhaineann le tionchar athraithe aeráide, go háirithe tuilte maidhmeanna

tuile agus patrúin athraitheacha aimsire agus ba cheart bearta oiriúnaithe a fhorbairt chun an céanna a chur i gcuntas. Tabharfar aird ar na Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i leith Tuilte agus na hAguisíní Teicniúla (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, 2009).

Tógáil

- Ní mór go ngabhfaidh Plean Bainistíochta Tógála (CMP) leis an EIS ina dtugtar cuntas ar na bearta atá le glacadh chun tionchar deannaigh agus tionchar diúltach ó thrácht tógála a sheachaint. Ba cheart go rachfar i ngleic sna CMPanna a fhorbraítear mar chuid d'iarratas pleanála le cairéalú, sloic sholáthair, bainistíocht ithreach, stóráil ina measc, agus deiseanna le haghaidh athchóiriú ithreach.
- Ba cheart go mbeadh oibreacha tógála uainithe agus deartha d'fhonn nach gcuirfidh siad isteach ar éin phóraithe agus ba cheart comhairle láithreánsonrach a lorg ó éiceolaí/éaneolaí cáilithe agus taithíoch.
- Beidh aird ag an iarratasóir ar na cuspóirí agus na bearta ábhartha a leagtar amach i bPlean Bainistíochta na hAbhantraí Thoir Theas (2009-2015) agus ar an gClár Beart gaolmhar. Go háirithe, ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir ag oibreacha a bhaineann le tógáil agus cothabháil forbairtí fuinneamh gaoithe chun cosc a chur ar dhearóiliú agus ardstádas nó dea-stádas a choimeád i dtaca le huiscí dromchla, teorainn a chur ar ionchuir thruaillithe agus cosc a chur ar dhearóiliú screamhuisce.
- Ba cheart teorainn a chur ar ghluaiseacht tráchta agus innealra a mhéid agus is indéanta seachas ar na bóithre agus na raonta atá mar chuid den fhorbairt fhadtéarmach d'fhonn brú neamhriachtanach tráchta a íoslaghdú.
- Sa chás go dteastaíonn oibreacha cré, ba cheart an talamh agus an fásra a athchóiriú a luaithe agus is féidir.
- Stórálfar gach leacht agus hidreacharbón a stóráiltear ar an láithreán i rith tógála i limistéar bundaithe uiscedhíonach.

- Soláthrófar baic shiolta chun uisce a iompraíonn siolta ón láithreán a bhailiú i rith tógála.
- Bainfear an trealamh coimhdeach tógála go léir ón láithreán laistigh de mhí amháin tar éis gur tugadh an fhorbairt chun críche.
- Sula gcuirtear tús leis an tógáil, comhaontóidh an forbróir leis an Údarás Pleanála ar shonraí faoi aon chartadh breise a cruthaíodh i rith chéim na tógála a athdháileadh.
- I rith chéim thógála na n-oibreacha, ba cheart aird a thabhairt ar an Treoir maidir le Torann ón AE (2002/49/CE), ar na rialacháin ghaolmhara náisiúnta torainn agus aon Phleananna Gníomhaíochta Torainn a d'fhéadfaí a ullmhú don chontae.
- B'fhéidir go dteastóidh Tuarascáil Mhonatóireachta Timpeallachta i rith chéim na tógála, bearta maolaithe chun na gnáthóga atá ar an láithreán a choimeád ina measc, i gcomhréir leis na sonraí a sheoltar ar aghaidh san EIS agus leis an iarratas pleanála, chuig an Údarás Pleanála ar a laghad gach 12 mhí i rith na tógála.
- Sa chás gur féidir, i ndiaidh go gcríochnaítear an tógáil, ba cheart an fásra a athchóiriú ar bhruacha agus ar imill bhóithre a thógtar chun freastal ar ghluaiseacht innealra agus trucailí tógála. Baineann ríthábhacht leis seo, ach go háirithe, nuair a theastaigh 'gearradh agus líonadh' a dhéanamh.

Monatóireacht

- B'fhéidir go mbeidh ar fhorbróirí tuarascáil mhonatóireachta a dhéanamh agus a sheoladh ar aghaidh ag eatraimh chuí sna céimeanna tógála agus oibriúcháin chun monatóireacht a dhéanamh ar bhearta maolaithe agus ar thionchar timpeallachta, go háirithe i dtaobh ithreacha, cáilíocht an uisce agus bithéagsúlacht (féach 5.2.21 thuas chomh maith).
- Ní mór go dtabharfaidh gairmithe a bhain na cáilíochtaí cuí amach faoin tuarascáil mhonatóireachta agus ba cheart comhaontú a dhéanamh ar théarmaí na monatóireachta roimhe ré le Comhairle Contae Loch Garman.

B’fhéidir go mbeidh ar fhorbróirí Comhairle Contae Loch Garman a chur ar an eolas roimh ré ar phríomhghníomhaíochtaí tógála i limistéir íogaire agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí tógála ag Comhairle Contae Loch Garman a éascú lena chinntiú go bhfuil bearta maolaithe á gcur i bhfeidhm go cuí.

Díchoimisiúnú

- Go ginearálta, déanfar an fhorbairt fuinneamh gaoithe a dhíchoimisiúnú agus a bhaint 25 bliain i ndiaidh dháta coimisiúnaithe na forbartha fuinneamh gaoithe murar deonaíodh cead pleanála, roimh dheireadh na tréimhse seo, chun leanúint ar aghaidh leis an talamh a úsáid mar fhorbairt fuinneamh gaoithe ar feadh tréimhse bhreise i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm um an dtaca sin.
- B’fhéidir go dteastóidh Plean Bainistíochta Díchoimisiúnaithe le haghaidh forbairtí feirm ghaoithe lena chinntiú go ndéantar láithreán na forbartha a athchóiriú go cuí. D’fhéadfadh seo a bheith ag teastáil mar chuid den iarratas pleanála agus/nó den EIS, no d’fhéadfadh sé bheith ag teastáil ó choinníoll den chead pleanála.
- Mura mbíonn aon tuirbín i mbun feidhme ar feadh tréimhse leanúnach 12 mhí, déanfaidh an forbróir é a dhíchoimisiúnú mura gcomhaontaítear a mhalairt i scríbhinn leis an Údarás Pleanála i rith na tréimhse 12 mhí. Má mheastar go bhfuil an fhorbairt fuinneamh gaoithe i mbun feidhme go sásúil, ceanglóidh an tÚdarás Pleanála go gcuirtear gach beart riachtanach maolaithe nó eile i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann an fhorbairt coinníollacha an cheada pleanála.
- Athchóireofar láithreáin forbairtí a dhíchoimisiúnaítear trí struchtúir ar an láithreán agus oibreacha eile atá ionrach i dtaobh amhairc a bhaint agus déanfar an cumhdach ithreach agus fásra agus draenáil chuí a athbhunú.

Ionadú, Athchumhachtú agus Athfhorbairt

- Déanfar breithniú ar thograí chun tuirbíní reatha a ionadú nó chun forbairtí reatha fuinneamh gaoithe a athchumhachtú nó a athfhorbairt. Is gnách go dteastóidh cead pleanála ó na tograí siúd, murar féidir a thaispeáint, chun sásaimh an Údaráis Phleanála, go bhfuil na hathruithe chomh beag sin nach ionann iad agus athrú ábhartha ar an bhforbairt agus nach mbeidís ina n-údar le tionchar breise.
- Déanfar breithniú ar gach iarratas ar athchumhachtú (trí thuirbíní reatha gaoithe a ionadú) agus síneadh a chur le feirmeacha gaoithe reatha i limistéir 'Dícheadaithe' de Ghnáth' ar bhonn a bhfiúntais (féach Tábla 4).

Tionchar Carnach Feirmeacha Gaoithe

- Déanfar monatóireacht chúramach i gcaitheamh shaolré na Straitéise ar thionchar carnach nó ar an tionchar i dteannta a chéile a imreoidh forbairtí fuinneamh gaoithe sa chontae, go háirithe i limistéir i ngar do láithreáin Natura 2000. Ní mór scagadh a dhéanamh ar gach togra forbartha i leith Measúnacht Oiriúnachta agus beidh siad faoi réir Measúnacht iomlán Oiriúnachta sa chás go bhféadfaidís drochthionchar suntasach a imirt ar shláine láithreán Natura 2000, cé acu ar bhonn aonair nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga 92/42/CEE.
- D'fhonn sláine spásúil, scéime agus thuaithe limistéar atá criosaithe le haghaidh forbairt fuinneamh gaoithe a chaomhnú, cuirfear an tionchar carnach ar an tírdhreach san áireamh. Beidh gá le cothromaíocht a bhaint amach idir tionchar amhairc agus na tairbhí a bhaineann le braisliú feirmeacha gaoithe i dtaobh úsáid éifeachtach a bhaint as bonneagar (féach chomh maith 5.2.13 thuas).
- Déanfar breithniú ar thionchar carnach ar an mbithéagsúlacht, an flóra agus an fána, an daonra agus sláinte dhaoine, ithir, uisce, an t-aer, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach. I measc

na mbreithniúchán ar thionchar carnach ar an daonra agus ar shláinte dhaoine, beidh na measúnachtaí carnacha faoina dtabharfar i gcomhréir le míreanna 5.2.8, 5.2.9 agus 5.2.13 thuas i dtaca le caochadh scátha, torann agus tionchar amhairc.

Gluais

- Feirmeacha Gaoithe Tógtha
- Feirmeacha Gaoithe Ceadaithe agus Conraithe
- Feirmeacha Gaoithe Ceadaithe nach Bhfuil aon tairiscint nasctha acu
- Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád
- Feirmeacha Gaoithe Reatha agus Ceadaithe i gCill Mhantáin
- Feirmeacha Gaoithe Reatha agus Ceadaithe i gCill Chainnigh

Cúil Ghréine
Coill an Iarainn
Ráth an Chuilinn
Cluain na nGall
Baile Muine
Guaire
Bun Clóidí
Baile na Cúirte
Cloch Ámainn
Cam Eolaing
Baile Uí Chonnmhaí
Fearna
Caisleán Docrail
Baile Ghearóid
Cill Téile
Baile Éamainn
Móin na gCaor
Cill Mhuiráise
An Chéim
Inis Córthaidh
An Bealach
Clonroche
An Abhainn Dubh
Maolán na nGabhar
Ros Mhic Thriúin
Currach Cló
Droichead an Chaisleáin
Loch Garman
Baile an Bharúnaigh
Teach Munna
Baile an Phiarsaigh
Baile Mhúrain
Ceann Poill
Ros Láir
Droichead Eoin
Cill Fhionnóg
Cuan Ros Láir
Teach Gót
Cill Ruáin
Baile Hac
An Charraig
Maigh Ghlas
Baile Bhaldain
Dún Canann
Oileán Mhuire
An Chill Mhór
Fiodh Ard
Cé na Cille Móire

N
W E
S

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Teideal: Feirmeacha Gaoithe Reatha agus Ceadaithe

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 1

Meánluas Gaoithe (m/s)

- 15 +
- 14.75 - 15
- 14.5 - 14.75
- 14.25 - 14.5
- 14 - 14.25
- 13.75 - 14
- 13.5 - 13.75
- 13.25 - 13.5
- 13 - 13.25
- 12.75 - 13
- 12.5 - 12.75
- 12.25 - 12.5
- 12 - 12.25
- 11.75 - 12
- 11.5 - 11.75
- 11.25 - 11.5
- 11 - 11.25
- 10.75 - 11
- 10.5 - 10.75
- 10.25 - 10.5
- 10 - 10.25
- 9.75 - 10
- 9.5 - 9.75
- 9.25 - 9.5
- 9 - 9.25
- 8.75 - 9
- 8.5 - 8.75
- 8.25 - 8.5
- 8 - 8.25
- 7.75 - 8
- 7.5 - 7.75
- < 7.5

Gluais

- Líne 38kv
- Líne 110kv
- Líne 220kv
- Cábla 110kv (Táscach amháin)
- Fostáisiún 220kv
- Fostáisiún 110kv

Guaire

An Bheannóg

Coill an Lóiste

An Corrán

Inis Córthaidh

Ros Mhic Thriúin

Loch Garman

An tOileán Mór

N

W E

S

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Teideal: Luas na Gaoithe ag 75m agus an Líonra Tarchuir

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 2

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Gluais

- Limistéir Dhiúilicíní Péarla
- Limistéar Sliogéisc faoi Chosaint
- Limistéar faoi Chosaint (SPA)
- Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC)
- Limistéar Oidhreachta Nádúrtha a bheartaítear (pNHA)
- Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA)

Guaire

Inis Córthaidh

Ros Mhic Thriúin

Loch Garman

N

W E

S

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Teideal: Láithreáin Ainmnithe

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 3

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Tithe in aghaidh an chiliméadair chearnaigh de réir Baile Fearainn (Logeolaire)

- 24 agus níos mó (451)
- > 20 agus < 24 (96)
- > 16 agus < 20 (180)
- > 12 agus < 16 (241)
- > 8 agus < 12 (419)
- > 4 agus < 8 (464)
- > 0 agus < 4 (515)

N
W E
S

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Teideal: Luas na Gaoithe ag 75m agus an Líonra Tarchuir

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 4

Gluais

- Cósta
- Ístealtailte
- Ardtailte
- Gleann Abhann
- Tírdhreacha Níos Íogaire

N
W E
S

Ardtailte

Ístealtailte

Cósta Thoir

Cósta Theas

Gleann Abhann na Sláine/na Banna

Gleann Abhann Bhanú/na Siúire

Slabaí Loch Garman (thuaidh)

Slabaí Loch Garman (theas)

Rámhainn

Cuan Bhanú

Rinn Chill Mhich

Cnoc Easca

Torchoill

Cnoc Bhaile Uí Mheannain

Cnoc na Buaile

Cnoc na Carraige Rua

Rinn Chathóir

Cnoc an Abhalloirt

Cnoc Fhiodh na gCaor

Sliabh na nGiorraithe

Cnoc Bhrí

Cnoc Ráithín na hUamhan

Cnoic na Scríne

Cnoc Leacáin

Cnoc Chamrois

Cnoc Charraig Bhrain

Cnoc Chamlinne

Cnoc Chréacháin

Tigh na Carraige

Sliabh Coiltir

Sliabh Fhotharta

Cuan Loch Garman

Rinn Ros Láir

Coinicéar Bhaile Thaidhg

Loch Theach Coimseáin

Oileán Mhuire

Slabaí na hÍnse

Oileáin na gCaorach

Leithinis Rinn Duáin

Rinn Chrois Fhearnóg

Ceann an Chairn

Oileáin an tSailte

ATLANTIC OCEAN

0 5 10
ciliméadair

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Teideal: Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 5

Gluais

N
W E
S

Contae Chill Mhantáin
- Níltear ina Fhabhar
- Fabhar níos Lú ina leith
- Barrfhabhair

Contae Cheatharlach
- Oscailte le haghaidh Breithniú
- An Rogha Láithreach

Contae Chill Chainnigh
- Inghlactha i bPrionsabal
- Oscailte le haghaidh Breithniú
- Dícheadaithe de Ghnáth

Contae Phort Láirge
- Limistéir Straitéiseacha
- Limistéar Toirmiscthe
- Limistéir atá Oscailte le haghaidh Breithniú
- An Rogha Limistéar

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Teideal: Léarscáileanna na Straitéise Fuinneamh Gaoithe le haghaidh na gContaetha Máguaird

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 6

Gluais

- Dícheadaithe de Ghnáth
- Inghlactha i bPrionsabal
- Oscailte le haghaidh Breithniú

N
W E
S

Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013 - 2019
Straitéis Fuinneamh Gaoithe

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint. Uimhir Cheadúnais: 2010/34/CCMA/WexfordCountyCouncil

Teideal: Léarscáir na Straitéise Fuinneamh Gaoithe

Tarraingthe ag: NK	Seiceáilte ag: FF
Dáta: 12.03.2013	Léarscáil Uimh: 7